



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tús Áite don Tithíocht Plean Náisiúnta Cur chun Feidhme 2018-2021

CLÁR NA NÁBHAR

BROLLACH Ó EOGHAN MURPHY, T.D., AN TAIRE TITHÍOCHTA, PLEANÁLA, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL.....	3
---	----------

BROLLACH Ó SIMON HARRIS, T.D., AN TAIRE SLÁINTE.....	5
---	----------

BROLLACH Ó FHEIDHMEANNACH EASPA DÍDINE RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH 7

ROINN 1: RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA.....	8
Réamhrá	8
Comhthéacs Beartais le haghaidh Tús Áite don Tithíocht	9
Easpa Dídine in Éirinn	10
Easpa dídine agus an tSláinte	11
Spriocanna Reatha Rebuilding Ireland	12

ROINN 2: TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT: SAINMHÍNITHE, PRIONSABAIL AGUS FIANAISE.....	13
Sainmhínithe ar Thithíocht-Treoraithe / Tús Áite don Tithíocht	13
Prionsabail maidir le Tús Áite don Tithíocht	14
Dílseacht Tús Áite don Tithíocht	15
Fianaise ar Thús Áite don Tithíocht ar bhonn Idirnáisiúnta	16
Fianaise ar Thús Áite don Tithíocht in Éirinn	19
Conclúidí.....	20

ROINN 3: CUR SÍOS AR SHOLÁTHAR REATHA TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT IN ÉIRINN.....	21
Réamhrá	21
Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath (2014-Anois).....	21
Tionscadail Tithíocht-Treoraithe / Tús Áite don Tithíocht i Réigiúin Eile.....	26

ROINN 4: INIÚCHADH AR RIACHTANAS AGUS SPRIOCANNA NÁISIÚNTA TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT.....	29
Achoimre	29
Modheolaíocht.....	29
Spriocghrúpaí Láithreacha Tús Áite don Tithíocht	30
Suirbhé maidir le Sonraí Riachtanas Tacaíochta	33
Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht Náisiúnta	34

ROINN 5: SOLÁTHAR TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT A FHOINSIÚ.....	37
Socruithe Maoiniúcháin do Thús Áite don Tithíocht	37
Ciste um Athchóiriú Seirbhíse (CAS) do Thús Áite don Tithíocht i Limistéir Uirbeacha	37
Dul chun Cinn CAS go dtí Seo	38

ROINN 6: TACAÍOCHTAÍ NA ROINNE TITHÍOCHTA AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚIL DO THÚS ÁITE DON TITHÍOCHT.....	42
Maoiniú Chuid 10 i gcomhair Tacaíochtaí Tús Áite don Tithíocht	42
Tithíocht Shóisialta a Sholáthar	42
Soláthar Aonad Seomra Amháin	45
ROINN 7: TACAÍOCHTAÍ NA ROINNE SLÁINTE AGUS FSS DO THÚS ÁITE DON TITHÍOCHT	46
Réamhrá	46
Tacaíochtaí reatha na Roinne Sláinte agus FSS do Thús Áite don Tithíocht / Daoine gan Dídean ag a bhfuil Riachtanais Chasta Sláinte.....	46
Tionscnaimh Leanúnacha agus Bheartaithe chun tacú le Tús Áite don Tithíocht / Daoine gan Dídean ag a bhfuil Riachtanais Chasta Sláinte	47
ROINN 8: TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT DO PHRÍOSÚNAIGH AGUS DO SPRIOCGHRÚPAÍ EILE.....	52
Tús Áite don Tithíocht do Phríosúnaigh	52
Tús Áite don Tithíocht don Óige	54
ROINN 9: MEASÚNÚ, TAIGHDE, OILIÚINT AGUS TACAÍOCHTAÍ EILE	56
Measúnú ar Thús Áite don Tithíocht	56
Measúnú Beartaithe Il-Láithreán ar Thionscnamh Easpa Dídine CAS	57
Dea-Chleachtas agus Oiliúint maidir le Tús Áite don Tithíocht	58
AGUISÍN A HAON: TREOIRTHIONSCADAL UM SCAOILEADH AMACH AS OSPIDÉAL AN CHISTE UM ATHCHÓIRIÚ SEIRBHÍSE AGUS COMH-MHEASÚNÚ AGUS PLEANÁIL CÚRAIM A FHEABHSÚ	60
LEABHARLIOSTA	62

Brollach ó Eoghan Murphy, T.D, an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil



Tá réiteach easpa dídine ar cheann de na dúshláin is tábhachtaí atá le sárú ag an Rialtas seo. In *Rebuilding Ireland*, Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, leagtar amach réimse leathan gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an easpa dídine lena n-áirítear bearta a dhírítear ar dhaoine gan dídean a bhfuil ardleibhéal tacaíochta ag teastáil uathu chun teacht amach as an easpa dídine. Tá sé aitheanta go mór go bhfuil riachtanais chasta ag a lán de na daoine a bhíonn ina gcodladh amuigh, agus a úsáideann brúnna agus dídean éigeandála go minic maidir leis an meabhairshláinte agus andúil agus teastaíonn tacaíochtaí aonair uathu chun bogadh go rathúil ó easpa dídine go tionóntacht inbhuanaithe.

Tá an cur chuige maidir le Tús Áite do Thithíocht ina bheartas Rialtais le roinnt blianta anuas. Le Tús Áite do Thithíocht, is é an tosaíocht tacaíocht a thabhairt do dhuine gan dídean dul isteach i dteach buan a luaithe is féidir, gan réamhchoinníollacha ar bith a bheith i gceist maidir le neamh-mheisce nó cóireáil meabhairshláinte. Ansin, leanúint ag obair go dian leo ar na saincheisteanna uair amháin a bheidh teach curtha ar fáil dóibh. Aithnítear le Tús Áite do Thithíocht go soláthraíonn teach seasmhach an bonn le haghaidh athshlánaithe i réimsí eile.

Bunaithe ar rath Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath, le *Rebuilding Ireland*, méadaíodh na spriocanna i leith tionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath faoi thrí i ndiaidh an tiomantais Tús Áite don Tithíocht a shíneadh go Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Níos luaithe i mbliana, ceapadh Stiúrthóir Náisiúnta um Thús Áite do Thithíocht laistigh d'Fheidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, chun tacaíocht le spriocanna *Rebuilding Ireland* a bhaint amach agus plean náisiúnta a fhorbairt.

Tá foilseachán an Phlean Náisiúnta Cur chun Feidhme seo le haghaidh Tús Áite don Tithíocht 2018-2021 ina ghasprioc shuntasach lena gcuirtear taca faoi thiomantas an Rialtais do líon na ndaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh agus easpa dídine fhadtéarmach a laghdú agus deireadh a chur leo. Tiomnaítear ann do Thús Áite don Tithíocht a chur i bhfeidhm i ngach contae in Éirinn agus tá spriocanna bliantúla leagtha amach ann do gach údarás áitiúil. Tugtar chun suntais ann chomh maith an gá atá le go n-oibreoidh údaráis áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le chéile chun soláthar tithíochta duine aonair a mhéadú.

Ciallaíonn ailíniú na dtacaíochtaí tithíochta agus sláinte go bhfuil Tús Áite don Tithíocht go mór ina thionscnamh comhpháirtíochta de chuid mo Roinnse, na Roinne Sláinte, údarás áitiúil, FSS agus soláthraithe ENR. Cuirim fáilte roimh thacaíocht an Aire Sláinte agus FSS le

forbairt an phlean seo. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair DRHE agus soláthraithe Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath, a bhain torthaí amach lenar soláthraíodh ardán láidir le haghaidh leathnú náisiúnta an chláir agus fhoilsiú an phlean uailmhianaigh seo. Tá an Rialtas tiomanta go hiomlán don phlean sin a chur chun feidhme agus d'oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun go n-éireoidh leis.

Brollach ó Simon Harris, T.D., an tAire Sláinte



Tá nasc láidir idir easpa dídine agus drochshláinte. Bíonn an-drochshláinte choirp agus mheabhrach ar dhaoine gan dídean agus bíonn siad níos soghonta i leith fadhbanna andúile. Bhí éagothroime sláinte dhian le sárú acu, agus tá an meánionchas saoil chomh íseal le 40 bliain, leath an mheánionchais saoil don chuid den tsochaí. Mar shochaí, ní mór dúinn dul i ngleic leis an éagothroime sin mar bheart práinne.

Tá sé ar cheann de chuspóirí *Healthy Ireland*, straitéis sláinte daonra an rialtais éagothroime sláinte a laghdú. Leis an sprioc sin ní mór idirghabhálacha a dhéanamh chun dul i ngleic le cinntithigh shóisialta na sláinte agus chun díriú ar ghrúpaí ag a bhfuil ardrioscaí sláinte. Cuirtear taca faoi chinntithigh shóisialta na sláinte le héagothroime sláinte agus bochtaineacht, easpa acmhainní ábhartha (tithíocht mar shampla) agus rochtain theoranta ar fhostaíocht. Ceisteanna uile-rialtais is iad na ceisteanna sin ar fad agus teastaíonn rannpháirtíocht réimse leathan páirtithe leasmhara ina leith.

Cuirim fáilte roimh Thús Áite don Tithíocht mar bhealach le dul i ngleic le cinntithigh shóisialta na sláinte do dhaoine gan dídean. Trí dhaoine a bhaint de na sráideanna agus tacú leo i dtionóntachtaí aonair, táimid ábalta an timthriall easpa dídine agus drochshláinte a bhriseadh. Go deimhin, cás bua ag gach taobh is ea Tús Áite don Tithíocht don tseirbhís sláinte. Laghdófar an brú ar rannóga éigeandála leis ina mbíonn an iomarca daoine gan dídean i láthair. Déanfar seirbhísí atá ann cheana, amhail an Clár Hep C, níos éifeachtúla chomh maith toisc go mbeidh sé níos fusa do dhaoine gan dídean a bpleananna cóireála a leanúint agus freastal ar chlinicí othar seachtrach.

Ag an am céanna, ní mór dúinn cur chuige níos comhtháite a sholáthar ar fud an chórais chúraim sláinte chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chasta na ndaoine gan dídean. D'fhoilsigh mé straitéis cur chun feidhme Sláintecare le déanaí. Tá sé mar aidhm leis an straitéis cúram ardchaighdeáin, inrochtana agus sábháilte a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais an daonra. Lárnach do sin tá forbairt samhlaíochta úra cúraim lena soláthraítear cúram níos éifeachtúla agus níos comhtháite, lena n-áirítear cúram do dhaoine aonair ag a bhfuil ilriachtanais chasta, amhail daoine gan dídean.

Bíonn a gcúramsan casta agus bíonn gá go minic le hionchur ó raon gairmithe agus seirbhísí, ní san earnáil sláinte amháin. Teastaíonn tacaíocht leanúnach duineláraithe orthu ó sheirbhísí pobalbhunaithe ionas go mbeidh siad ábalta saol chomh iomlán agus is féidir a bheith acu agus géarchéimeanna cúraim nó dul isteach san ospidéal nó i gcúram cónaithe a sheachaint. Ba chóir do dhaoine ag a bhfuil riachtanais chasta príomhoibrí a bheith acu sa

phobal ag a bhfuil freagracht dhíreach as a gcúram a chomhordú, a oibreoidh ar fud na n-earnálacha chun riachtanais eile a éascú amhail tithíocht, oideachas nó fostaíocht.

Ag coinneáil le samhail Sláintecare de chúram comhtháite, tá mo Roinn agus FSS tiomanta do thacaíochtaí sláinte timfhillteacha a sholáthar le haghaidh tionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht, lena n-áirítear príomhoibrí, bainistíocht cásanna, seirbhísí dochtúra ghinearálta agus seirbhísí altranais, tacaíocht ó agus sainchúram eile.

Léirigh mo Roinn a tiomantas maidir le riachtanais sláinte daoine gan dídean trí €6 mhilliún breise a leithdháileadh ó 2016 i leith ar bhearta spriocdhírthe chun seirbhísí a fheabhsú. In 2018, thacaigh an maoiniú sin le saoráid chúraim idirthréimhseach céim suas, céim síos arna soláthar ag Clann Shíomóin, a thosaigh i mí Mheán Fómhair. Lena chois sin, tríd an gCiste Athchóirithe Seirbhíse, soláthraíodh maoiniú le haghaidh 100 tionóntacht bhreise do Thús Áite don Tithíocht i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Cuirfear maoiniú breise ar fáil go luath i gcomhair cur chun feidhme beartais scaoilte amach as ospidéal do dhaoine gan dídean, a thacóidh leis an aistriú ó chúram éigeandála go cúram pobalbhunaithe, agus a chuirfidh acmhainn leapacha ar fáil in ospidéal ghéarmhíochaine.

Ráiteas láidir is ea an plan náisiúnta cur chun feidhme maidir le Tús Áite don Tithíocht de chuid thiomantas an Rialtais do dheireadh a chur le heaspa dídine sheasta agus do dhul i ngleic leis riachtanais chasta sláinte daoine leochaileacha. Is sampla inbhraite é den chur chuige comhtháite idir dá roinn Rialtais lena féidir fíordhifríocht a dhéanamh i saol daoine.

Is é an dúshlán anois an cur chuige comhtháite a sholáthar trína chinntiú go n-oibreoidh údarais áitiúla, eagraíochtaí cúram sláinte pobail agus soláthraithe seirbhíse deonacha le chéile ar an leibhéal áitiúil chun fíorthairbhí a bhaint amach do dhaoine gan dídean.

Brollach ó Fheidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath

D'oibrigh Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE), a chomhordaíonn an fhreagracht ar easpa dídine sna ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath agus a chuimsíonn oifig an Stiúrthóra Náisiúnta um Thús Áite don Tithíocht, go dlúth leis Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte, údaráis áitiúla agus FSS maidir le Plean Náisiúnta Cur chun Feidhme maidir le Tús Áite don Tithíocht 2018-2021 a fhorbairt. Tá cur i bhfeidhm Tús Áite don Tithíocht i ngach contae in Éirinn ina chéim shuntasach i dtreo easpa dídine a laghdú nó deireadh a chur leis do chuid de na daoine gan dídean is leochailí.

Tá sé cruthaithe go bhfuil Tús Áite don Tithíocht ina réiteach ar easpa dídine do dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh, agus úsáideoirí fadtéarmacha brúnna agus tearmainn fhadtéarmacha, ag a bhfuil ardriachtanais maidir le meabhairshláinte agus andúil. Soláthraítear leis teach seasmhach slán dá gcuid féin do dhaoine gan dídean chomh gasta agus is féidir chun díriú go héifeachtúil orthu le tacaíochtaí pearsantaithe tithíochta agus sláinte. Leis na seirbhísí timthíllteacha sin, a sholáthraítear a fhad is a theastaíonn siad, tugtar cuidiú do dhaoine fanacht i dteach agus tacaítear leo ina n-athshlánú.

Baintear leas i bhfoilseachán an phlean seo as rath Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath a sholáthraíonn comhpháirtíocht údarás áitiúil, FSS agus soláthraithe ENR. Chuir Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath, i ndiaidh treoirthionscadal rathúil, tithíocht ar fáil do 214 duine gan dídean a bhíodh ina gcodladh amuigh agus ag a raibh riachtanais chasta maidir le meabhairshláinte agus andúil ó 2014 i leith. Tá dídean ag os cionn 85% de na daoine sin fós ar bhonn buan. Baineadh é sin amach trí chur chuige láidir um bainistíocht cásanna a ghlacadh maidir le cuidiú le tionóntaí fanacht ina dtithe.

Léiríonn cur i bhfeidhm náisiúnta Tús Áite don Tithíocht fiordheis chun an dóigh a dtéimid i ngleic le heaspa dídine in Éirinn a athrú. Trí chur chuige comhtháite a ghlacadh idir údaráis tithíochta, seirbhísí sláinte agus an earnáil neamhbhrabúis, is féidir linn dul ó easpa dídine a bhainistiú go dtí deireadh a chur leis. Tá an DRHE tiomanta do pháirt a bheith againn maidir le tacaíocht a thabhairt do sholáthar na spriocanna uaillmhianacha ach indéanta atá leagtha amach sa phlean seo.

Roinn 1: Réamhrá agus Cúlra

Réamhrá

Cuireann an Plean Cur chun Feidhme maidir le Tús Áite don Tithíocht 2018-2021 taca faoi thiomantas an Rialtais do réitigh bhuna agus mharthanacha a sholáthar maidir le codladh amuigh agus easpa dídine fhadtéarmach in Éirinn. Agus líon iomlán na n-aosach atá i gcóiríocht éigeandála ag 6,024 amhail mí Iúil 2018, tá sé ina mhórhosaíocht don Rialtas dul i ngleic leis an dá cheist, soláthar tithíochta agus easpa dídine. Tá rochtain dhíreach a sholáthar ar thithíocht fhadtéarmach agus tacaíocht a thabhairt ansin don duine ina dteach le tacaíochtaí diana tithíochta agus sláinte ríthábhachtach do Thús Áite don Tithíocht.

Le *Rebuilding Ireland*, cuireadh réimse freagairtí beartais maidir le géarchéim na heaspa dídine i bhfeidhm. Tá sé cruthaithe gur beart an-rathúil é Tús Áite don Tithíocht atá dírithe ar dhaoine aonair a chodlaíonn amuigh agus a bhaineann as cóiríocht éigeandála easpa dídine ar bhonn fadtéarmach, ag a bhfuil riachtanais chasta lena cuireadh cosc orthu teacht amach as an easpa dídine. Chomh maith le deireadh a chur leis an easpa dídine do dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh ar na sráideanna le blianta fada, is féidir le Tús Áite don Tithíocht cur le laghdú foriomlán i líon na ndaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh.

Is léir gur féidir le daoine ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta éirigh neadaithe i bheith ina gcodladh amuigh agus bíonn a lán bacainní le sárú acu chun teacht amach go rathúil as cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean. I staidéir idirnáisiúnta léiríodh go mbaineann na daoine a bhíonn gan dídean go seasta eile úsáid as cóiríocht éigeandála de ghnáth ag céatadáin a sháraíonn céatadán an daonra gan dídean go mór. Trí bheith tiomanta do thithíocht a sholáthar le diantacaíochtaí do dhaoine leochaileacha atá gan dídean, ba cheart laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na daoine sin as cóiríochta éigeandála san fhadtéarma agus dá réir sin laghdú a dhéanamh ar an ngá foriomlán le saoráidí dá leithéid ar an gcéad dul síos.

Léirítear le taithí ó thíortha eile gurb é mar chuid den straitéis chomhtháite fhoriomlán chun dul i ngleic le heaspa dídine an dóigh is fearr a oibríonn Tús Áite don Tithíocht. Cé go mbeidh soláthar cóiríochta breise éigeandála fós tábhachtach sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, cuirfidh cur i bhfeidhm náisiúnta Tús Áite don Tithíocht le teorainn a chur ar an éileamh ar thuilleadh leapacha éigeandála agus, i gcodanna den tír, cuideoidh sé an gá leo ar aon chor a sheachaint. Trí Thús Áite don Tithíocht a shíneadh go gach réigiún, soláthróidh sé na tairbhí marthanacha atá á bhfáil i réigiún Bhaile Átha Cliath faoi láthair chuig gach cathair agus gach baile ina dteastaíonn sé.

Comhthéacs Beartais le haghaidh Tús Áite don Tithíocht

Tá cur chuige tithíocht-treoraithe/Tús Áite don Tithíocht ina sprioc fhollasach de chuid bheartas easpa dídine an Rialtais ar feadh tamall fada. Bhí tiomantas sa Chlár don Rialtas (2011) maidir le deireadh a chur le heaspa dídine fhadtéarmach agus leis an ngá le codladh amuigh trí chur chuige tithíochta a chur chun feidhme.

“[D]éanfaimid fadhb na heaspa dídine fadtéarmaí a mhaolú trí cur chuige ‘tús áite don tithíocht’ a tabhairt isteach chun freastal ar dhaoine gan dídean. Ar an dóigh sin beimid ábalta tithíocht oiriúnach fhadtéarmach a thairiscint do dhaoine ar an gcéad dul síos agus laghdú radacach a dhéanamh ar an úsáid as cóiríocht brúnna agus na costais ghaolmhara ar an Státchiste.”

I *Ráiteas um Beartas Easpa Dídine* an Rialtais (Feabhra 2013) cuireadh béim ar an gcur chuige tithíochta a dhírigh ar thithíocht bhuan a fháil mar an bpríomhfhreagairt ar gach cineál easpa dídine. Bhain sé leas as an athbheithniú ar na beartais agus cleachtais reatha atá leagtha amach i *Deireadh a Chur le hEaspa Dídine – Cur Chuige Tithíocht-treoraithe* (Bealtaine 2012).

Sa *Ráiteas um Beartas Easpa Dídine* sainíodh an cur chuige tithíocht-treoraithe a bhí le glacadh i gcomhthéacs na hÉireann:

“Ciallaíonn cur chuige tithíocht-treoraithe tithíocht bhuan a fháil mar an bpríomhfhreagairt ar gach cineál easpa dídine. Áirítear air cosc ar chaillteanas tithíochta reatha, agus cuimsítear ann soláthar tacaíochta dóthanaí do dhaoine ina dtithe de réir a riachtanas. Tá Tús Áite don Tithíocht ina shampla amháin den chur chuige beartais tithíocht-treoraithe sin.”

Sainíodh leis go bhfuil infhaighteacht agus soláthar, tithíochta sláine, inacmhainne agus dóthanaí, bearta chun cosc a chur ar tharlú nó atarlú easpa dídine, agus infhaighteacht na dtacaíochtaí chun cuidiú le daoine maireachtáil neamhspleách a choimeád ríthábhachtach do rath an chur chuige tithíocht-treoraithe in Éirinn a chinntiú.

Sa *Phlean Cur chun Feidhme maidir le Freagairt an Stáit ar Easpa Dídine* (Bealtaine 2014) leagadh amach réimse beart chun cuidiú le daoine a bhíonn ina gcodladh amuigh soláthar imfhálaithe cóiríochta a fháil chun tithíocht a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Tá aidhm shainráite leagtha amach in *Rebuilding Ireland* (Iúil 2016), *Plean Gníomhaíochta* an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine chun “ár n-iarrachtaí a neartú agus ár n-

acmhainní a dhíriú ar theach a chur ar fáil do dhaoine gan dídean i ndiaidh an chur chuige tithíocht-treoraithe, tús áite don tithíochta.”

I gcomhthéacs na spriocanna, thiomnaigh *Rebuilding Ireland* do chlár Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath a mhéadú faoi thrí ó 100 go 300 faoi dheireadh 2017. Bunaíodh sprioc eile de 100 tionóntacht faoi Thús Áite don Tithíocht do limistéir uirbeacha eile mar chuid den athbhreithniú Aireachta ar *Rebuilding Ireland* i mí Mheán Fómhair 2017. Bhí sé tiomanta chomh maith do spriocanna sonracha a bhunú do gach ceann d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath.¹

Thosaigh an Stiúrthóir Náisiúnta um Thús Áite don Tithíocht i mí Feabhra 2018 agus tá sé lonnaithe i bhFeidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath. Is é ról an Stiúrthóra cur chuige tras-Rialtais a spreagadh maidir le Tús Áite don Tithíocht, tacú le soláthar réigiúnach nó áitiúil na gclár um Thús Áite don Tithíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar spriocanna *Rebuilding Ireland* a bhaint amach.

Bunaíodh an Grúpa Náisiúnta Cur chun Feidhme i mí an Mhárta 2018, lena n-áirítear ionadaíocht ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Sláinte, ó FSS, ó Údaráis Áitiúla, agus ón Stiúrthóir Náisiúnta um Thús Áite don Tithíocht, chun maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar sholáthar an chláir ar fud na tíre.

Easpa Dídine in Éirinn

Sa Tuarascáil maidir le hEaspa Dídine, Iúil 2018, a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, taispeánadh go raibh rochtain ag 6,024 aosach ar shocruithe cóiríochta éigeandála arna maoiniú ag an Stáit ar a ndearnadh údaráis tithíochta ar fud na tíre maoirseacht.

As an 6,024 aosach, tá 3,567 (59%) duine díobh gan dídean agus áirítear na haosaigh eile i measc teaghlach gan dídean. Tá iomlán de 2,201 (62%) den 3,567 duine gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá an formhór díobh i gcóiríocht i gCóiríocht Shealadach Tacaithe (CST) a bhfuil brúnna le tacaíocht ar an láithreán i gceist leo.

Daoine Easpa Dídine	Iúil 2018
Go Náisiúnta	3,567
Baile Átha Cliath	2,201

¹ Féach <http://rebuildingireland.ie/news/outcomes-from-review-of-rebuilding-ireland/>

Maidir le bheith ag codladh amuigh, déanann Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath gar-áireamh oifigiúil ar na daoine a chodlaíonn amuigh san Earrach agus sa Gheimhreadh gach bliain. Léiríodh i nGar-Áireamh na nDaoine a Chodlaíonn Amuigh 2018 (a rinneadh an 27 Márta) go raibh 110 duine ar a laghad ina gcodladh amuigh ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath ar oíche an áirimh. Astu siúd a sainaitníodh, fir a bhí i 84% díobh agus mná a bhí i 16% díobh.

Easpa dídine agus an tSláinte

Bíonn a lán bacainní roimh dhaoine gan dídean ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta maidir le meabhairshláinte agus úsáid substaintí chun teacht amach as an easpa dídine agus cuireann sé sin le timthriall de chodladh amuigh, úsáid brúnna agus a lán úsáid as rannóga éigeandála ospidéal.

Tá éagothroime sláinte daoine gan dídean in Éirinn fréamhaithe i mbochtaineacht agus i ndíothacht. Ciallaíonn na cúiseanna agus gnéithe iolracha fadhbanna sláinte go mbeidh saol i bhfad níos gairide ag daoine gan dídean i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra, agus meáníochas saoil de 42 bliain d'aois (44 d'fhir agus 37 do mhná), i gcomparáid le 82 bliain d'aois sa dhaonra i gcoitinne.

Léirítear i dtaighde (O'Reilly *et al.*, 2015) go bhfuil ilríochtaí seasta ar a lán daoine gan dídean in Éirinn ag an am céanna agus go bhfuil tréghalracht drochshláinte coirp, drochshláinte meabhrach agus fadhbanna a bhaineann le halcól agus úsáid drugaí i réim go mór i ndaoine gan dídean. Tá riocht meabhairshláinte diagnóisithe ar os cionn leath (58%) díobh agus bhí riocht drochshláinte coirp nó meabhrach ar bheagnach gach duine díobh (89%). Tugtar le tuiscint le torthaí sa réimse andúile go bhfuil ardleibhéal il-andúile i ndrugaí i measc daoine gan dídean.

Tuairiscíonn os cionn ceathrú (27%) de na daoine gan dídean go bhfuil míchumas orthu i gcomparáid le 14% den daonra i gcoitinne agus go bhfuil sláinte féintuairiscitithe níos measa ag daoine gan dídean i gcomparáid leis an daonra i gcoitinne (CSO, 2017). Lena chois sin, tá galair a bhaineann le halcól agus/nó andúil drugaí i réim níos mó i measc daoine gan dídean ná mar atá i ndaoine ar cuireadh tithíocht ar fáil dóibh (Beijer *et al.*, 2012) agus feictear laige a tharlaíonn luath agus siondróim gheiriatracha eile de ghnáth i measc daoine gan dídean (Adams *et al.*, 2007).

Spríocanna Reatha Rebuilding Ireland

Baineann sprioc Tús Áite don Tithíocht do réigiún Bhaile Átha Cliath faoi *Rebuilding Ireland* le 300 tionóntacht a chruthú, arb é sin méadú faoi thrí ar an sprioc thosaigh de 100 tionóntacht a bunaíodh in 2014. Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2018, rinneadh 250 tionóntacht a bhainistiú agus a chruthú le haghaidh 214 duine uathúil ar fud na gceithre limistéir údaráis áitiúil. Leis an taithí le Tús Áite don Tithíocht go dtí seo taispeántar leibhéal caomhnaithe tionóntachta de os cionn 85%, mar sin is léir go bhfuil torthaí dearfacha á soláthar leis an gclár.

Tá pleananna curtha chun cinn go maith le haghaidh chur i bhfeidhm an 100 tionóntacht Tús Áite don Tithíocht i gCorcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Cé go bhféadfadh sé go bhfuil codladh amuigh agus easpa dídine fhadtéarmach i réim níos mó sna hionaid mhóra uirbeacha, tairgtear le Tús Áite don Tithíocht an seans cuidiú le dul i ngleic leis an easpa dídine i ngach cuid den tír. Leagtar amach sa phlean spríocanna breise agus úra do gach cuid den tír lena bhféachtar le leas a bhaint as spríocanna reatha *Rebuilding Ireland*.

Roinn 2: Tús Áite don Tithíocht: Sainmhínte, Prionsabail agus Fianaise

Úsáidtear na téarma 'Tús Áite don Tithíocht' agus 'tithíocht-treoraithe' go hinmhalartaithe agus soláthraítear sainmhínte sa roinn seo don dá théarma i gcomhthéacs na hÉireann. Cuirtear síos ar na prionsabail lena gcuirtear taca faoi Thús Áite don Tithíocht agus atá ríthábhachtach do dhearadh agus do sholáthar seirbhísí Tús Áite don Tithíocht, mar aon le bonn láidir fianaise atá carntha go hidirnáisiúnta agus in Éirinn go soláthraíonn Tús Áite don Tithíocht torthaí dearfacha do dhaoine gan dídean ag a bhfuil riachtanais chasta.

Sainmhínte ar Thithíocht-Treoraithe / Tús Áite don Tithíocht

Tús Áite don Tithíocht

Cheap an Dr Sam Tsemberis agus a eagraíocht, *Pathways to Housing*, an tsamhail um Thús Áite don Tithíocht maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean i Nua-Eabhrac in 1992, mar fhreagairt ar riachtanais daoine ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus atá ina gcónaí ar na sráideanna agus a chaitheann, i mórán cásanna, tréimhsí in ospidéal shíciatracha go minic.

Is iad an spriocghrúpa tosaíochta do fhreagairt Tús Áite don Tithíocht daoine a bhfuil stair de chodladh amuigh acu agus úsáideoirí fadtéarmacha na cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a bhfuil ardriachtanais agus riachtanais chasta meabhairshláinte agus andúil acu.

Leis an tsamhail sin tairgtear soláthar tithíochta láithrí, buaine agus inacmhainne chun dul i ngleic leis an easpa dídine, agus ansin soláthraítear na tacaíochtaí timhillteacha tithíochta agus sláinte, agus naisc chuig tacaíochtaí pobalbhunaithe, lena chinntiú go gcoinneoidh daoine a dtithe agus go bhfeabhseoidh a sláinte agus a bhfolláine ar an iomlán. Níl teorainn ama ar bith ar an tacaíocht sin agus soláthraítear í ar feadh a fhad is gá.

Ní éilítear ar dhaoine le Tús Áite don Tithíocht na ceisteanna a réiteach a chuireann leis an gcúis a mbíonn siad gan dídean sula soláthraíonn tithíocht dóibh, ach seachas sin feictear tithíocht sheasmhach mar bhonn le haghaidh athshlánaithe agus ath-imeasctha.

Tithíocht-Treoraithe

Baintear úsáid go minic as an téarma 'tithíocht-treoraithe' i dteanna Tús Áite don Tithíocht, ach tá Tús Áite don Tithíocht idirdhealaithe le struchtúr agus déine na dtacaíochtaí a thairgtear.

Baintear úsáid as tithíocht-treoraithe chun cur síos a dhéanamh ar na freagairtí beartais ar fad ar an easpa dídine lena méadaítear rochtain dhíreach ar thithe bhuana agus lena méadaítear an acmhainn le haghaidh cosc agus soláthar tacaíochta snámhaí dóthanaí chun cuidiú le daoine fanacht ina dtithe. Féadfar é sin a chur i gcodarsnacht leis an tsamhail 'staighriúil' lena n-úsáidtear brúnna agus tithíocht idirthréimhseach mar chéimeanna i dtreo tithíocht neamhspleách nó an tsamhail 'cóireáil ar dtús' i gcás go dtugtar tús áite do chóireáil na meabhairshláinte agus/nó na handúile sula soláthrófar tithíocht bhuan. Leis na cuir chuige sin teastaíonn méid áirithe ullmhachta don tithíocht ar thaobh an duine gan dídean sula mbeidh siad ábalta tithíocht bhuan a rochtain.

Féadfar Tús Áite don Tithíocht a idirdhealú ó chuir chuige ghinearálta tithíocht-treoraithe de réir a dhílseachta do phríomhphrionsabail a bhaineann le soláthar nach bhfuil teorainn ama leis agus tacaíochtaí sláinte do chásanna beaga daoine ag a bhfuil riachtanais chasta.

Prionsabail maidir le Tús Áite don Tithíocht

Tá líon príomhphrionsabal ag baint le Tús Áite don Tithíocht. Fuarthas go mbaintear amach na rátaí céanna ratha i gcoitinne leis na cláir Tús Áite don Tithíocht a chloíonn leis na prionsabail sin. Baintear na hocht bprionsabal thíos ó Threoir Tús Áite don Tithíocht na hEorpa (2014-2016), atá bunaithe go dlúth ar na prionsabail atá sa chéad lámhleabhar ar Thús Áite don Tithíocht a d'fhorbair an Dr Sam Tsemberis (2010).

1. Rochtain láithreach ar Thithíocht gan Réamhchoinníollacha

Cuidíonn na cláir Tús Áite don Tithíocht lena gcliaint rochtain láithreach a fháil ar thithe neamhspleácha, atá scaipthe ar fud comharsanachtaí nó bloic árasán, le tionóntachtaí rialta agus réimse tacaíochtaí as an láithreán.

2. Rogha agus Smacht d'Úsáideoirí Seirbhíse

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn foireann Tús Áite don Tithíocht cliant-treoraithe, ionas go roghnóidh an cliant am, cineál agus méid na seirbhísí a thairgtear.

3. Deighilt Tithíochta agus Cóireála

Cuirtear seirbhísí tacaíochta tithíochta agus seirbhísí cóireála ar fáil go leithligh. Ceanglaítear ar thionóntaí Tús Áite don Tithíocht cloí lena dtéarmaí tionóntachta cosúil le gach duine eile, ach ní chaithfidh an duine cóireáil a fháil chun tithíocht a rochtain nó chun fanacht i dtithíocht. Mar an gcéanna, ní rachaidh cliseadh tionóntachta i gcion ar rochtain an duine ar chóireáil.

4. Luí Athshlánaithe

Dírítear seirbhísí Tús Áite don Tithíocht ar fholláine fhoriomlán duine aonair, lena n-áirítear a sláinte choirp agus a meabhairshláinte, tacaíocht shóisialta ón teaghlach agus ó chairde agus imeascadh sa phobal i gcoitinne.

5. Laghdú ar Dhíobháil

Le laghdú ar dhíobháil tairgtear tacaíocht, cuidiú agus cóireáil, ach ní éilítear leis ar dhaoine aonair staonadh ó dhrugaí agus alcól. Féachtar leis le daoine a spreagadh chun a n-iompraíocht thart ar dhrugaí agus alcól a dhéanann díobháil dóibh a athrú.

6. Teagmháil Cheannasach gan Iallach

Is é cur chuige Tús Áite don Tithíocht teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse ar bhealach dearfach ach ní ar bhealach díritheach lena gcuirtear chun cinn an tuiscint go bhfuil athshlánú indéanta.

7. Pleanáil Duinelárnach

Le seirbhís Tús Áite don Tithíocht baintear úsáid as pleanáil duinelárnach a bhaineann go bunúsach le tacaíocht agus cóireáil maidir le duine aonair agus a riachtanais a eagrú, seachas bheith ag dréim leosan coigeartú agus oiriúnú do na seirbhísí atá á dtairiscint.

8. Tacaíocht Sholúbtha ar feadh a fhad is gá

Níl teorainn ama ar na seirbhísí agus toisc go bhfuil tionóntachtaí príomhshruthaithe ag daoine aonair, is féidir leo fanacht ina dteach agus sa phobal ina dtacaítear leo feadh cibé bealach a roghnaíonn siad dá n-athshlánú.

Dílseacht Tús Áite don Tithíocht

Téarma a úsáidtear go coiteann is ea 'dílseacht' Tús Áite don Tithíocht chun cur síos a dhéanamh ar a mhéid a chloíonn seirbhís faoi leith le prionsabail Tús Áite don Tithíocht ina soláthar seirbhíse. Mar shampla, chun dul i ngleic leis na cuir chuige éagsúla a úsáidtear chun Tús Áite don Tithíocht a chur chun feidhme i SAM, d'fhorbair an Eagraíocht Náisiúnta

'Pathways to Housing' Scála Dílseachta chun comhsheasmhacht a chur chun cinn maidir le samhail Tús Áite don Tithíocht a chur chun feidhme. Leis an Scála Dílseachta is féidir le seirbhísí a ndul chun cinn a thomhas maidir le ceanglais na samhla Tús Áite don Tithíocht a chomhlíonadh, a aithint nuair go m'fhéidir go bhfuil an tseirbhís ag imeacht ón tsamhail, agus cásanna ina bhfuil samhlacha reatha seirbhíse á n-athlipéadú mar 'Tús Áite don Tithíocht' a sheachaint. Sholáthair líon gníomhaireachtaí eile uirlisí measúnaithe um dhílseacht Tús Áite don Tithíocht chomh maith.

Fianaise ar Thús Áite don Tithíocht ar bhonn Idirnáisiúnta

Tá Tús Áite don Tithíocht aitheanta go hidirnáisiúnta mar réiteach buan do dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh agus ar úsáideoirí fadtéarmacha as cóiríocht éigeandála iad ag a bhfuil riachtanais chasta. Leis an bhfianaise idirnáisiúnta léirítear go gcaithfidh seirbhísí Tús Áite don Tithíocht a bheith ina gcuid de straitéis chomhtháite don easpa dídine le bheith fíor-éifeachtach.

Tá an fhianaise dá éifeachtúlacht níos láidre ná idirghabháil eile a spriocdhírítear ar dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh agus ar dhaoine gan dídean. Tá torthaí an-dearfach tithíochta soláthartha le Tús Áite don Tithíocht do ghrúpa a bhféadfadh sé nárbh bhfreastalaíodh ar a riachtanais leis na seirbhísí príomhshruthaithe do dhaoine gan dídean. Cé go dteastaíonn solúbthacht chun an cur chuige a oiriúnú do dhálaí áitiúla, tá sé tábhachtach cloí le príomhphrionsabail Tús Áite don Tithíocht agus 'dílseacht' don bhunsamhail bunaithe ar fhianaise a choimeád. Baintear torthaí amach nuair a chloítear leis na príomhphrionsabail.

Tá fianaise láidir idirnáisiúnta ann maidir le héifeachtúlacht Tús Áite don Tithíocht. D'oibrigh sé i gcathracha lena n-áirítear Amstardam, Cóbanhávan, Glaschú, Heilsincí, Liospóin, Londan, Páras, Vín, Nua-Eabhrac agus Vancouver. Baineadh leas as chomh maith i gcomhthéacsanna tuaithe ar fud Cheanada agus in Vermont i SAM.

Sna Stáit Aontaithe, an áit inar tionscnaíodh é, chuir Tús Áite don Tithíocht le laghdú ar easpa dídine sheasta. Dearbhaíonn éifeachtúlacht an chur chuige um Thús Áite don Tithíocht i lear staidéar eimpíreach. I staidéar ceithre bliana i SAM, ina raibh 255 duine gan dídean bainteach, bhí ráta caomhnaithe tionóntachta de 75% acu siúd a ghlac páirt i gcláir Tús Áite don Tithíocht agus bhí ráta caomhnaithe tionóntachta de 50% acu siúd a bhí páirteach i gcláir 'cóireáil ar dtús' (Stefancic and Tsemberis, 2007).

Cuimsíodh Tús Áite don Tithíocht go rathúil mar chuid de straitéisí comhtháite náisiúnta chun dul i ngleic leis an easpa dídine i gCeanada, sa Fhrainc, sa Danmhairg, san Iorua agus san Fhionlainn. Tá straitéisí comhtháite don easpa dídine atá bunaithe ar chomhoibriú fairsing idirghníomhaireachta, cur i bhfeidhm straitéisí maidir le heaspa dídine a chosc, agus roinnt cineálacha éagsúla seirbhísí dóibh siúd atá gan dídean, lena n-áirítear Tús Áite don Tithíocht mar chomhpháirt riachtanach, deartha chun freastal ar réimse riachtanas daoine aonair gan dídean. D'éirigh go maith le straitéisí comhtháite a bhain le Tús Áite don Tithíocht maidir leis an easpa dídine a laghdú go leibhéil an-íseal, go háirithe sna tíortha Nordacha.

I gCeanada, tionscadal taighde cúig bliana ba ea an tionscadal *At Home / Chez Soi* (2009-2013) inar dtástáladh cláir do dhaoine ar a raibh tinneas meabhrach agus a bhí gan dídean ag baint úsáid as cur chuige Tús Áite don Tithíocht. Soláthraíodh tithíocht le diantacaíochtaí sna cúig chathair, Vancouver, Winnipeg, Toronto, Montreal agus Moncton. Bhain an tionscadal le hinfheistíocht mhór de os cionn \$110 milliún dollar chun deireadh a chur le heaspa dídine trí tithe agus tacaíochtaí a sholáthar do rannpháirtithe arna soláthar ag sainfhoirne ag a raibh cásanna beaga. Baineadh os cionn 1,000 daoine amach as an easpa dídine isteach i dtithe lena raibh tacaíochtaí. Arna mhaoiniú ag Health Canada, agus arna dhéanamh ag Coimisiún Meabhairshláinte Cheanada, baineadh úsáid sa tionscadal as modheolaíocht trialach randamaithe faoi riail (RTC) chun os cionn 2,000 duine aonair a bhí gan dídean roimhe sin a leanúint sa chúig chathair thar dhá bhliain. Fuarthas sa staidéar um measúnú go raibh Tús Áite don Tithíocht i bhfad níos rathúla ná cuir chuige eile maidir le torthaí caomhnaithe tithíochta a bhaint amach, agus gur chuir sé le feabhas ar fheidhmiú pobail agus ar cháilíocht na beatha. Mar sin féin, ní raibh na torthaí suntasacha sláinte agus úsáide substaintí inbhraite láithreach agus b'fhéidir nach mbeadh siad ann go dtí an fadtéarma amháin (Goering *et al.*, 2014).

Rinne an Fhrainc ceann de na trialacha is mó maidir le Tús Áite don Tithíocht san Eoraip. Sa chlár *Un Chez-Soi d'abord* (2011-2016) píolótaíodh Tús Áite don Tithíocht i gceithre chathair - Lille, Páras, Toulouse agus Marseilles - agus bhí sé sin spreagtha go náisiúnta ag DIHAL, an comhlacht idir-aireachta atá freagrach as an straitéis náisiúnta don easpa dídine. Bhí an tsamhail Tús Áite don Tithíocht ar baineadh leas as an-chosúil leis an tsamhail 'Pathways to Housing' i SAM. Ghlac 703 duine san iomlán a bhí gan dídean páirt sa chlár taighde *Un Chez-Soi d'abord*, agus bhain 353 díobh sa ghrúpa *Un Chez-Soi d'abord* agus 350 sa ghrúpa rialaithe úsáid as na seirbhísí traidisiúnta easpa dídine. As na rannpháirtithe gan dídean ar feadh 8.5 bliain ar an meán, darbh é 4.5 bliain an meánmhéid ama a caitheamh ina gcodladh amuigh, bhí andúil ag 79% díobh agus bhí diantinneas meabhrach ar 100% díobh (e.g. scitsifréine, neamhord dépholach). I ndiaidh dhá bhliain isteach sa chlár, bhí 85% díobh

fós i dtithíocht, tithíocht ar cíos san eanáil phríobháideach go príomha, agus tháinig laghdú os cionn 50% ar an tréimhse ama a rabhthas ag fanacht san ospidéal.

Bhí torthaí thar a bheith dearfach san Fhionlainn ó Thús Áite don Tithíocht. Ó 2008 i leith, bunaíodh straitéisí náisiúnta don easpa dídine (cláir PAAVO 2008-2015) ar an tsamhail Tús Áite don Tithíocht, mar chuid de chur chuige comhtháite idir an stát, bardais agus ENRanna. Bhí tógáil agus ceanna tithe úra ar cheann de na spriocanna is tábhachtaí de chuid Chláir Náisiúnta na Fionlainne maidir le heaspa dídine fhadtéarmach a laghdú. Mórghné den chlár ba ea tiontú fairsing na dídine agus brúnna i stíl suanleasa go tithe tacaithe. Mar shampla, sa mórghné deireanach do dhaoine gan dídean i Heilsincí bhí 250 spás leapa agus tiontaíodh é sin go 80 árasán neamhspleách. Saincheapadh seirbhísí úra tacaíochta ar an láithreán chun freastal ar riachtanais tionóntaí aonair. Tá codladh amuigh beagnach díothaithe ag an bhFionlainn agus chuir sí tithíocht ar fáil do líon suntasach daoine a bhí gan dídean ar bhonn fadtéarmach. Díritear an clár náisiúnta beartais reatha a sheol an Rialtas i mí an Mheithimh 2016 anois ar chosc a chur ar easpa dídine.

Léiríodh le cláir idirnáisiúnta nach dtéann úsáid substaintí i gcion ar chumas duine aonair fanacht i dtithíocht. Mar sin féin, fuarthas i staidéir go raibh na torthaí ar úsáid substaintí éagsúil agus léiríodh iontu an gá atá le cláir Tús Áite don Tithíocht a shaincheapadh go himleor chun dul i ngleic le riachtanais ar soláthraíodh tithíocht dóibh. Moladh chomh maith go ndéanfaí an clár a shuí laistigh de chultúr níos leithne um laghdú díobhála.

I staidéir Cheanada agus na Fraince, bhí na torthaí sláinte, meabhairshláinte agus úsáide substaintí éagsúil. D'fhéadfadh feabhsuithe i dtorthaí sláinte agus meabhairshláinte a chur i leith leibhéal na dílseacha do phríomhphrionsabail Tús Áite don Tithíocht agus athshlánú fadtéarmach, láidreachtaí agus tacaíochtaí duinelárnacha lena dtairgtear rogha chóireála. Meastar chomh maith go mbraitheann torthaí feabhsaithe sláinte agus úsáide substaintí ar na cineálacha seirbhísí tacaíochta a bhíonn ar fáil sa phobal, naisc le seirbhísí pobalbhunaithe agus rochtain ar shainchúram, lena n-áirítear cóireáil shíciatrach agus athshlánú.

Cé go raibh na torthaí sláinte agus úsáide substaintí éagsúil i measc na staidéar idirnáisiúnta ar Thús Áite don Tithíocht, léiríodh feabhsuithe i mórán staidéar ar cháilíocht na beatha, feidhmiú an phobail, caidreamh sóisialta agus teaghlaigh agus laghduithe ar úsáid as seirbhísí ospidéil agus éigeandála.

Fianaise ar Thús Áite don Tithíocht in Éirinn

Comhoibriú arbh é Tionscadal Taispeánta Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath, a reáchtáladh ar feadh trí bliana ó 2011-2014, idir an Stát agus gníomhaireachtaí deonacha ina raibh Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath (thar ceann cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Focus Ireland, Iontaobhas Peter McVerry, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath agus Stepping Stone.

Bhí an tionscadal dírithe ar 30 duine a bhí ina gcodladh amuigh ar bhonn fadtéarmach. Lean sé samhail Tús Áite don Tithíocht 'Pathways' a tionscnaíodh i gCathair Nua-Eabhrac. Cuireadh tithíocht ar fáil do chliant Tús Áite don Tithíocht sa phobal agus tugadh na cearta céanna dóibh is atá ag tionóntaí príobháideacha, mar aon le diantacaíochtaí sláinte agus cóiríochta / tacaíochtaí timhillteacha tionóntachta a soláthraíodh ar bhonn bainistíocht cásanna aonair.

Bhí an tionscadal taispeánta ina chuid de mheasúnú a rinneadh ar fud na hEorpa, ina ndearnadh measúnú ar an dóigh a bhféadfaí an tsamhail a úsáid sa chomhthéacs Eorpach ina raibh cúig láithreán tástála (Amstardam, Búdaipeist, Cóbanhávan, Glaschú agus Liospóin) agus cúig láithreán piara (Baile Átha Cliath, Gent, Gothenburg, Heilsinci agus Vín).

Fuarthas i measúnú neamhspleách (Greenwood, 2015) ar an tionscadal gur bhain cliant Tús Áite don Tithíocht leibhéil cobhsaíochta tithíochta i bhfad níos láidre amach ná grúpa comparáide úsáideoirí seirbhíse i seirbhísí a bhí ann cheana do dhaoine gan dídean.²Coimeádadh 80-85% de na tionóntachtaí sin i measc grúpa níos leochaillí lena raibh riachtanais tacaíochta níos airde, i gcomparáid le 50% de thorthaí caomhnaithe tionóntachta dóibh siúd a raibh samhail 'straighriúil' nó samhail 'contanaim chúraim' á rochtain acu.

Le Tionscadal Taispeánta Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath cuireadh deireadh go rathúil leis an easpa dídine do dhaoine a bhí ina gcodladh amuigh ar feadh na mblianta, ag bogadh isteach agus amach ó bhrúnna agus ó dhídean, agus ag rochtain seirbhísí eile do dhaoine gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath. Thaispeáin rannpháirtithe i dTús Áite don Tithíocht torthaí níos fearr go ginearálta maidir le sláinte, meabhairshláinte agus imeascadh sóisialta, cé nach raibh sé sin uilíoch. Mar thoradh ar rath suntasach an tionscadail bunaíodh Seirbhís phríomhshruthú Bhaile Átha Cliath um Tús Áite don Tithíocht in 2014.

²Earcaíodh 52 rannpháirtí san iomlán ar an measúnú, 26 sa ghrúpa um Thús Áite don Tithíocht agus 26 sa ghrúpa comparáide.

Conclúidí

Is féidir an fhianaise a fuarthas i leith Tús Áite don Tithíocht ó thrialacha agus measúnaithe clár a rinneadh i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus in Éirinn a achoimriú faoi mar a leanas:

- Oibríonn Tús Áite don Tithíocht do dhaoine gan dídean ag a bhfuil riachtanais chasta lena n-áirítear:
 - a) Daoine a chodlaíonn amuigh
 - b) Úsáideoirí fadtéarmacha as cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean
 - c) Daoine ag a bhfuil ardriachtanais agus riachtanais chasta maidir leis an tsláinte, meabhairshláinte agus andúil.
 - d) Daoine a mbíonn i dteagmháil arís agus arís leis an gcóras ceartais choiriúil
- Go ginearálta, coimeádann 75-85% de thionóntaí Tús Áite don Tithíocht bealaí amach marthanacha ón easpa dídine.
- Is féidir le Tús Áite don Tithíocht cur le feabhsuithe ar an tsláinte, meabhairshláinte, andúil agus imeascadh sóisialta, ach tarlaíonn sé sin thar thréimhsí níos faide ama agus ní féidir é a thomhas do gach tionónta.

Roinn 3: Cur síos ar Sholáthar Reatha Tús Áite don Tithíocht in Éirinn

Réamhrá

Is é seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath an sampla is fearr faoi láthair de shamhail chuimsithe Tús Áite don Tithíocht a chur i bhfeidhm in Éirinn agus tá cur síos mion déanta air thíos. Cuireadh tús le blianta beaga anuas le tionscadail féintuairiscithe, nuálacha Tús Áite don Tithíocht / tithíocht-treoraithe ar léir go bhfuil siad tiomanta d'ardleibhéal dílseachta a bhaint amach, ach i roinnt cásanna d'fhéadfadh tuilleadh tacaíochta a bheith de dhíth ina leith. Tá cur síos gairid déanta orthu sin.

Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath (2014-Anois)

Stair

Tá Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath á feidhmiú ag cuibhreannas Focus Ireland agus Iontaobhas Peter McVerry thar ceann Fheidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus FSS. I ndiaidh treoirthionscadal rathúil, cuireadh an tseirbhís amach ar conradh ar feadh tréimhse trí bliana ag tosú in 2014, agus cuirfear amach ar conradh arís í in 2018. Rinneadh an sprioc thosaigh de 100 tionóntacht a mhéadú go 300 tionóntacht i ndiaidh *Rebuilding Ireland* a fhoilsiú in 2016.

Toradh

1. Tugadh tacaíocht do 214 duine uathúil san iomlán i dtionóntachtaí agus d'éirigh le 182 díobh siúd fanacht ina dtionóntachtaí. Is ionann sin agus ráta 85.1%.
2. Cruthaíodh nó bainistíodh 250 tionóntacht san iomlán agus bhí 161 díobh gníomhach amhail Lúnasa 2018.
3. Cuireadh deireadh le 89 tionóntacht san iomlán agus bhí 47 (52%) díobh sin mar thoradh ar fhadhbanna bainistíochta eastáit agus 17 (19%) díobh mar thoradh ar bhásanna na dtionóntaí. Géilleadh formhór na dtionóntachtaí a chríochnaigh mar thoradh ar fhadhbanna bainistíochta eastáit go deonach.
4. Foinsíodh 187 réadmhaoin ar an iomlán, agus bhí 147 díobh faoi thionóntacht go gníomhach amhail Lúnasa 2018 agus ní úsáidtear 40 díobh a thuilleadh le haghaidh Tús Áite don Tithíocht.

Tábla 1: Ráta Coinneála Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath		
Achoimre Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath ar na Daoine Uathúla ar Fad ar Cuireadh Tithíocht ar Fáil díobh ag deireadh Lúnasa 2018	Líon	Rátaí
Daoine Uathúla ar Éirigh Leo Tithíocht a Choinneáil (Ráta Coinneála)	182	85.1%
Daoine Uathúla a bhfuiltear ag Tacú leo faoi Láthair i gCóiríocht Shealadach Tacaithe (CST), Cóiríocht Shealadach Éigeandála (CSÉ) agus leapacha Oíche Amháin go Díreach (OAD)	16	7.5%
Daoine Uathúla ar Ais ina gCodladh Amuigh	6	2.8%
Daoine Uathúla faoi Choimeád	5	2.3%
Daoine Uathúla ar Ais chuig Cairde / Teaghlach	4	1.9%
Daoine Uathúla as Tionóntacht mar gheall ar a mBás	1	0.4%
Líon Iomlán na nDaoine Uathúla ar Cuireadh Tithíocht ar Fáil Díobh	214	100%

Spríocghrúpa

Díríonn Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath ar dhaoine a bhíonn gan dídean go seasta. Díríodh an tseirbhís ar dtús orthu siúd ag a bhfuil stair atá leabaithe ina bheith ina gcodladh amuigh agus ag a bhfuil riachtanais chasta tacaíochta agus a raibh drogall orthu an chóiríocht éigeandála a rochtain. Maidir leis sin, léiríodh in áireamh Earrach 2018 go raibh 110 duine ar a laghad atá ina gcodladh amuigh i réigiún Bhaile Átha Cliath. Rinneadh an spríocghrúpa a leathnú go mór ina dhiaidh sin chun daoine a chur san áireamh ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta agus a bhfuil cóiríocht éigeandála á rochtain acu ar bhonn fadtéarmach.

Rogha agus Struchtúr Tithíochta

Cuidíonn an tseirbhís sin le cliaint bogadh chomh gasta agus is féidir (i.e. is é ceithre seachtaine an tréimhse sprice) isteach i dtionóntacht neamhspleách ar bhonn a rogha tithíochta, ach braitheann sé sin ar infhaighteacht réadmhaoine oiriúnacha. Tá na réadmhaoine a fhoinsítear do sheirbhís Tús Áite don Tithíocht scaipthe ar fud cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath ar bhonn scaipthe. As an 187 réadmhaoine a fuarthas agus a leithdháileadh thar shaolré na seirbhíse, is é Údarás Áitiúla a sholáthair an cion is airde díobh (40%), ansin sholáthair na ENRanna aa tseirbhís (25%), Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta eile

(22%), agus foinsíodh an chuid eile sa tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach (13%). Toisc go bhfuil cearta ainmniúcháin de 100% ag údaráis áitiúla ar réadmhaoine CCT arna maoiniú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil i bhformhór na gcásanna³, is é na ceithre údarás áitiúla a rinne oll-fhormhór na leithdháiltí ar Thús Áite don Tithíocht. Is iad na limistéir ina bhfuil an t-éileamh is mó Baile Átha Cliath 1 (23%), Baile Átha Cliath 8 (15%) agus Baile Átha Cliath 2 (11%), agus na réadmhaoine eile scaipthe ar fud limistéar eile i mBaile Átha Cliath (51%).

D'fhéadfadh go dteastódh níos mó ná tionóntacht amháin ar chliant sula n-aimsítear tionóntacht sheasmhach. I gcás go gcliseann ar thionóntacht, tugtar tacaíocht don tionónta chun a dtionóntacht reatha a ghéilleadh agus bogadh go tionóntacht eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht foirne as láithreán de dhíth ar chliant i gcóiríocht shealadach tacaíthe sula mbogfaí go tionóntacht eile é nó í. Leanfaidh na cliant le tacaíocht a fháil óna mBainisteoir Dianchásanna agus iad i gcóiríocht shealadach agus ní bhrisfear an soláthar tacaíochta.

Murar féidir le Tús Áite don Tithíocht freastal ar riachtanais an chliant nó má roghnaíonn siad gan cónaí i dtionóntacht Tús Áite don Tithíocht nó má mhéadaíonn a riachtanais go dtí leibhéal a sháraíonn an tacaíocht a sholáthraíonn Tús Áite don Tithíocht, féadfaidh an tseirbhís féachaint ar roghanna eile lena n-áirítear pacáiste cúram baile a idirbheartaítear trí FSS, áit i dteach altranais tríd an scéim Cothrom na Féinne, nó Cóiríocht Tacaíthe Fhadtéarmach (i.e. tacaíocht ar líne).

Tábla 2: Tionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath de réir foinse na cóiríochta 2014-2018

Foinse na dTionóntachtaí	2014	2015	2016	2017	2018 (Lúnasa)	Iomlán
Tithíocht Údaráis Áitiúil	18	19	9	37	6	89
Focus Ireland/ Comhpháirtíocht Iontaobhas McVerry	11	12	7	26	17	73

³ Leis an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) soláthraítear tithíocht do chatagóirí speisialta riachtanas agus, de réir riachtanas SCC, i gcásanna nuair nach bhfuair CCT ach 95% de chostas caipitil na scéime coimeádfaidh sé cearta ainmniúcháin de 25%.

Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	0	1	17	17	9	44
Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta eile	5	1	1	26	11	44
iomlán	34	33	34	106	43	250

Cumraíocht Seirbhíse

Ar aon dul le samhail Tús Áite don Tithíocht, soláthraíonn an fhoireann diantacaíochtaí tithíochta agus diantacaíochta sláinte lena n-áirítear meabhairshláinte agus andúil, agus tá idirghabháil ghéarchéime ar fáil i gcónaí.

a) An Fhoireann Ghlactha Isteach

Príomhghné de Sheirbhís Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath is ea go bhfuil seirbhís agus foireann ghlactha isteach chomhcheangailte for-rochtana ann do Thús Áite don Tithíocht. Bíonn foireann oibríthe Tionscadail (6) agus Oibríthe Teagmhála (4) i dteagmháil le daoine a chodlaíonn amuigh ar na sráideanna ó 7am ar maidin go 1am gach oíche.

Le gné ghlactha isteach na seirbhíse déantar measúnú ar dhaoine a chodlaíonn amuigh le haghaidh oiriúnacht do Thús Áite don Tithíocht agus má chomhlíonann siad na critéir tugtar tacaíocht dóibh chun aonaid Tús Áite don Tithíocht a rochtain. Chun seasmhacht agus leanúnachas a sholáthar do chliant Tús Áite don Tithíocht, soláthraíonn Oibrí Tionscadail na Foirne Glactha Isteach a dhéanann measúnú ar dhuine agus a ghlacann duine mar chliant Tús Áite don Tithíocht tacaíocht chuairte dóibh chomh maith ina dtionóntacht. Ní amháin go soláthraíonn sé sin tacaíocht eolach don cliant ach éascaíonn sé na seirbhísí chun tacaíocht níos fearr a sholáthar. Toisc go bhfuil a fhios ag an oibrí tionscadail ar an gcliant ó ghlacadh isteach go dul amach is féidir leo an dóigh is fearr le tacú lena gcliant a fhoghlaim.

I gcás iarrthóir ionchasach i Tús Áite don Tithíocht nach bhfuil ina gcodladh amuigh ach atá i gcóiríocht éigeandála faoi láthair, eagróidh an Ceannaire Tionscadail nó an Ceannaire Foirne buailleadh leis an gcliant agus measúnú a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta a theastaíonn. Féachfar sa mheasúnú ar na gnéithe ar fad de riachtanais tacaíochta an duine. Má theastaíonn tacaíocht Tús Áite don Tithíocht ón gcliant cuirfear sé sin in iúl don údarás áitiúil agus féadfar an duine a atreorú chuig foireann na Bainistíochta Dianchásanna.

Feidhmíonn gné fhor-rochtana na seirbhísí cur chuige tithíocht-treoracha maidir le cuidiú le daoine a chodlaíonn amuigh ar bhonn sealadach nó ar bhonn tréimhsiúil cóiríocht

éigeandála do dhaoine gan dídean a rochtain, ag baint úsáid as comhthiomsú leapacha éigeandála atá imfhálaithe don Fhoireann Ghlactha Isteach agus leapacha eile a fhaightear trí Sheirbhís Lárnach Socrúchán DRHE. Nuair is féidir, tabharfar tacaíocht do dhaoine atá ina gcodladh amuigh chun leapacha i gcóiríocht éigeandála fhádtéarmach a rochtain (i.e. Cóiríocht Shealadach Tacaithe).

b) Tacaíochtaí Tithíochta

Tá an fhoireann comhdhéanta de 15 Bhainisteoir Dianchásanna ((BDC), ag a bhfuil cás de 12 rannpháirtí ar a mhéad. Roinntear na Bainisteoirí Dianchásanna ina dtrí fhoireann ag a bhfuil cásanna sannta acu do bhraislí geografacha chun aga taistil a laghdú agus an tréimhse ama a chaitear ag tacú le tionóntaí Tús Áite don Tithíocht a bharrfheabhsú. Féadfaidh Bainisteoirí Dianchásanna ilchuirteanna laethúla a thabhairt ar thithe na dtionónta, ag brath ar leibhéal an riachtanais. Le feidhm ar ghlaodh cinnteofar go bhfuil tacaíochtaí 24/7 ar lámh i gcás go dteastódh tacaíocht lasmuigh de ghnáthuaireanta ar an tionóntaí.

Tacaíonn na trí Oifigeach Réadmhaoine leis na rannpháirtithe ag a bhfuil coinní chuig an Oifigeach Leasa Pobail, agallaimh agus sínithe le haghaidh réadmhaoine. Déanann Oifigigh Réadmhaoine idirchaidreamh le hoifigí ceantair áitiúil i ndáil le hábhair is cúram bainistíochta eastáit ar bith agus tacaíonn siad le cliant atá i riaráistí le cíós nó le billí. Tá ceannach na nÚdarás Áitiúil agus CCTanna i ndáil le bainistíocht agus cothabháil réadmhaoine ríthábhachtach.

c) Foireann Ildisciplíneach

Soláthraíonn an Fhoireann Ildisciplíneach raon tacaíochtaí sláinte atá ar leith ó rannpháirtíocht an chliant le tacaíochtaí tithíochta.

Soláthraíonn Síctearipeoir Comhairleoireachta (1) tacaíocht do chliant ar bhonn duine le duine. Spreagtar cliant chun an tacaíocht sin a ghlacadh ach níl sé éigeantach. Féadfaidh cliant a chinntiú chomh maith cad iad na ceantair ar mian leo oibriú tríothu lena n-áirítear, mar shampla, andúil, tráma, idéú féinmháraithe, méala, lionn dubh agus imní.

Oibríonn Oibríthe Tacaíochta Andúile (2) le cliant ag a bhfuil riachtanais tacaíochta andúile chun cuidiú leo cúiseanna spreagtha agus teicnící laghdaithe díobhála a shainaithint. Comhoibríonn siad le gníomhaireachtaí seachtracha agus i gcomhar le Bainisteoirí Dianchásanna agus baill eile den fhoireann ildisciplíneach lena chinntiú go gcuirfear tacaíochtaí cuí i bhfeidhm.

Oibríonn Altraí na Meabhairshláinte Pobail (1.5) le cliaint ag a bhfuil riachtanais tacaíochta meabhairshláinte braite agus diagnóisithe. Déanann siad idirchaidreamh le gairmithe leighis chun contanam cúraim sa phobal a chinntiú agus tacaíocht a thabhairt do chliaint freastal ar choinní le seirbhísí meabhairshláinte agus cloí le cógais.

Réimse is ea iad rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhíse agus bainteacht daoine a mhair trí easpa dídine nach mór dul i ngleic tuilleadh leo.

Torthaí agus Tionchar

Tugadh tacaíocht do 214 duine san iomlán i 250 tionóntacht agus d'éirigh le 182 díobh siúd a dtionóntachtaí a choinneáil (ráta coinneála 85.1%). Cuireadh cóiríocht ar fáil do líon daoine a chodlaíonn amuigh a bhíodh ina gcodladh go rialta ag príomhphointí thart ar an gcathair.

Cé go ndéantar torthaí tithíochta a thomhas go héasca laistigh de thréimhse ghairid ama, ní bhíonn torthaí sláinte inbhraite ach thar thréimhse ama níos faide. Tá DRHE, FSS agus an tseirbhís Tús Áite don Tithíocht ag féachaint ar bhealaí cuí chun torthaí sláinte, sóisialta agus folláine a thomhas ar bhonn cuir chuige náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is léir go n-éascaíonn normalú tithíochta cineál éagsúil rannpháirtíochta le seirbhísí sláinte, lena n-áirítear rochtain dhíreach ar sheirbhísí dochtúra ginearálta sa phobal seachas sainseirbhísí do dhaoine gan dídean agus rochtain laghdaithe ar rannóga éigeandála ospidéal. Éascaíonn sé cliaint chomh maith ina rogha chóireála i ndáil le húsáid substaintí.

Tá Tús Áite don Tithíocht aitheanta níos mó agus níos mó mar shamhail soláthair seirbhíse i réigiún Bhaile Átha Cliath agus tá creidiúnacht bainte amach aige mar a bheith éifeachtach agus ineachadta. Le feithiclí brandáilte ardaíodh an fheasacht i measc an phobail i gcoitinne agus daoine a chodlaíonn amuigh. I measc gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla tá feasacht mhéadaithe ann ar an tsamhail agus ar an soláthar seirbhíse i mBaile Átha Cliath.

Tionscadail Tithíocht-Treoraithe / Tús Áite don Tithíocht i Réigiúin Eile

Is iad seo a leanas cur síos gairid ar chuid de na tionscadail atá ann cheana atá bunaithe go hiomlán nó i bpáirt ar an tsamhail Tús Áite don Tithíocht:

- Tá Foireann Lonnaíochta / Tús Áite don Tithíocht Chlann Shíomóin Chorcaí ag feidhmiú le tacaíocht ó Comhairle Cathrach Chorcaí ó 2013. Tá an tseirbhís seo do dhaoine ag a bhfuil riachtanais chasta a bhí ina gcodladh amuigh nó ag baint úsáid as cóiríocht

éigeandála ar bhonn fadtéarmach. Chomh maith le tithíocht agus tacaíochtaí eile a sholáthraíonn Clann Shíomóin Chorcaí, déantar éascaíocht do rannpháirtithe chun tacaíochtaí sláinte a sholáthraíonn Foireann Chomhtháite Daoine Fásta Gan Dídean FSS a rochtain. Cuireadh tithíocht ar fáil do 101 duine ar an iomlán tríd an tseirbhís ó 2013 i leith.

- Ó 2016 i leith, tá cur chuige Tús Áite don Tithíocht á chur chun cinn ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus tá sé glactha ag roinnt soláthraithe:
 - a) Tá Tús Áite don Tithíocht Novas i gCathair agus Contae Luimnigh i bhfeidhm ó 2016 i leith. Déanann Foireann Gníomhaíochta Luimnigh do Dhaoine gan Dídean (LHAT) atreoruithe, i gcomhar le soláthraithe cóiríochta éigeandála agus brúnna. Áirítear ar an spriocghrúpa na daoine a bhíonn i gcóiríocht éigeandála ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí, agus ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus/nó andúile. Tacaíonn dhá oibrí le daoine a gcóiríocht féin a rochtain agus a chothabháil agus tugtar diantacaíochtaí timfhillteacha isteach ina dtithe. Fuair 16 as 22 ainmniúchán ar an iomlán ó LHAT tionóntachtaí go dtí seo.
 - b) Tá seirbhís Tús Áite don Tithíocht de chuid Aontaobhas Peter McVerry i bhfeidhm i gCathair agus Contae Luimnigh ó mhí Deireadh Fómhair 2017 i leith. Déanann Foireann Gníomhaíochta Luimnigh do Dhaoine gan Dídean (LHAT) atreoruithe le soláthraithe cóiríochta éigeandála/brúnna. Áirítear ar an spriocghrúpa na daoine a bhí i gcóiríocht éigeandála ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí, agus ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus/nó andúile. Fuarthas 13 thionóntacht ar an iomlán go dtí seo.
 - c) Tá seirbhís Tús Áite don Tithíocht de chuid Chlann Shíomóin an Mheán-Iarthair i bhfeidhm ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh ó mhí Aibreáin 2016 i leith. Áirítear ar an spriocghrúpa na daoine a bhíonn i gcóiríocht éigeandála agus ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus/nó andúile agus soláthraítear réimse tacaíochtaí. Tá 29 duine san iomlán i dteagmháil leis an tseirbhís faoi láthair agus fuarthas 12 thionóntacht ar an iomlán go dtí seo. Cuirfear measúnú seachtrach lena n-áirítear measúnú ar dhílseacht i gcrích in 2018.
- Ó 2015 i leith, d'fheidhmigh Clann Shíomóin Lár na Tíre seirbhís Tús Áite don Tithíocht ar fud réigiún Lár na Tíre. Déantar an spriocghrúpa a atreorú ón údarás áitiúil ábhartha agus cliaint gan dídean ar bhonn fadtéarmach a bhíonn iontu a bhíonn rannpháirtíocht eipeasóideach nó leanúnach acu leis na seirbhísí ach ar theip orthu tionóntacht

fhadtéarmach a fháil. Tá dhá oibrí de chuid Tús Áite don Tithíocht tacaithe ag Foirne Gníomhaíochta contae do Dhaoine Gan Dídean. Tá 36 duine san iomlán páirteach sa tionscadal faoi láthair agus cruthaíodh 26 tionóntacht.


- Chomh maith le bheith ina páirtí sa chuibhreannas a sholáthraíonn Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath, tá seirbhís Tús Áite don Tithíocht Iontaobhas Peter McVerry i bhfeidhm i réigiún Bhaile Átha Cliath ó 2017 i leith. Thacaigh an tseirbhís le 38 duine i dtionóntachtaí go dtí seo
- D'fhorbair Focus Ireland seirbhísí tithíochta don óige i Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge a bhain leas as samhail Tús Áite don Tithíocht ach cuimsítear gnéithe eile iontu lena n-áirítear soláthar tithíochta idirthréimhsigh. Feidhmítear na seirbhísí sin i gcomhpháirtíocht le Tusla agus / nó Údaráis Áitiúla ábhartha agus chun freastal go príomha ar dhaoine óga a bhfuil cúlra de chúram Stáit acu.

Roinn 4: Iniúchadh ar Riachtanas agus Spriocanna Náisiúnta Tús Áite don Tithíocht

Achoimre

Sainaitníodh in athbhreithniú ar shonraí easpa dídine ó gach údarás áitiúil in Éirinn 737 duine fásta a bhféadfadh díriú orthu le haghaidh Clár Tús Áite don Tithíocht ar bhonn náisiúnta. Maidir leis na daoine sa ghrúpa sin sainaitníodh go raibh ardriachtanas tacaíochta amháin ar a laghad acu, maidir le meabhairshláinte agus andúil den chuid ba mhó. As an 737 duine fásta, tá cóiríocht do dhaoine gan dídean á rochtain ag 564 díobh ar feadh tréimhse níos mó ná 6 mhí agus bhí 173 díobh ina gcodladh amuigh.

Léaráid 1: Miondealú ar Spriocghrúpa Tús Áite don Tithíocht



Modheolaíocht

Is iad an príomh-spriocghrúpa do Thús Áite don Tithíocht daoine a chodlaíonn amuigh agus daoine atá gan dídean ar bhonn fadtéarmach ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta. Chun a fháil amach cá mhéad sprioc a d'fhéadfadh a bheith ann do Thús Áite don Tithíocht atá lonnaithe i ngach réigiún, sainaitníodh trí chritéar agus imscrúdaíodh na tacair shonraí chomhfhreagracha:

- Easpa Dídine Fhadtéarmach (FT):** Sa chéad tacar sonraí rinneadh scrúdú ar cá mhéad duine fásta a raibh úsáid á baint acu as cóiríocht éigeandála agus a bhí sna

seirbhísí ar **feadh tréimhse níos mó ná sé mhí** (as a chéile nó go carnach thar thréimhse 12 mhí) an 31 Nollaig, 2017. Bhí 6,182 duine san iomlán i gcóiríocht éigeandála oíche an 31 Nollaig 2017. Astu siúd, bhí cóiríocht éigeandála á rochtain ag 2,982 (48%) díobh siúd ar feadh sé mhí nó níos mó ar an dáta sin.


- b) **Codladh Amuigh (CA):** Bailíodh an dara tacar sonraí díreach ó na príomh-Údaráis Áitiúla réigiúnacha agus bhain sé leis an méid duine a bhí ina **gcodladh amuigh** le linn na ráithe deireanaí. I mBaile Átha Cliath, bhí sé sin bunaithe ar fhigiúr áireamh oifigiúil an Gheimhridh de dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh de 184 duine ar a laghad a bhí ina gcodladh amuigh ar fud an réigiúin.
- c) **Ardriachtanas Tacaíochta (ART):** Ar deireadh, baineadh sonraí as suirbhé **náisiúnta** um **riachtanas tacaíochta** (i.e. andúil, meabhairshláinte nó sláinte choirp) a rinne DRHE ar na daoine uile i seirbhísí an 5 Bealtaine 2018. Ní mór a thabhairt faoi deara gur tiomsaíodh faisnéis ó sholáthraithe seirbhíse agus nár cruthaíodh í trí mheasúnú caighdeánach sláinte. Fuarthas freagairtí i ndáil le 3,399 duine fásta ar an iomlán, arbh ionann é sin agus 84% de na daoine atá i gCóiríocht Tacaithe Shealadach. As an 3,399 duine sin, thuairiscíodh go raibh riachtanas tacaíochta amháin, dhá cheann nó trí cinn ag 1,349 díobh siúd.

Spriocghrúpaí Láithreacha Tús Áite don Tithíocht

Agus na trí thacar sonraí thuas á mbreithniú, easpa dídine fhadtéarmach, codladh amuigh agus ardriachtanais tacaíochta, tá ceithre idirmhír sonraí ann (féach Léaráid 2) ina bhfuil daoine ar cheart cláir Tús Áite don Tithíocht a dhíriú orthu láithreach:

- a) Bhí 24 duine fásta ina gcodladh amuigh agus gan dídean ar bhonn fadtéarmach agus tá Ardriachtanas Tacaíochta amháin ar a laghad acu.
- b) Bhí 68 duine fásta ina gcodladh amuigh agus bhí siad gan dídean ar bhonn fadtéarmach.
- c) Bhí 105 duine fásta ina gcodladh amuigh agus tá ardriachtanais tacaíochta acu.
- d) Tá Ardriachtanas Tacaíochta amháin ar a laghad ag 564 duine fásta agus bhí siad gan dídean ar bhonn fadtéarmach.

Léaráid 2: Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht



I dTábla 3 déantar miondealú ar sprioc 737 duine fásta de réir na naoi réigiún de dhaoine gan dídean, atá miondealaithe mar a leanas:

Baile Átha Cliath: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

An Meán-Oirthear: Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Lár na Tíre: Comhairle Contae Laoise, Comhairle Contae Longfoirt, Comhairle Contae Uí Fhaílí agus Comhairle Contae na hIarmhí.

An Meán-Iarthair: Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir.

An tOirthuaisceart: Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae Mhuineacháin agus Comhairle Contae an Chabháin.

An Iarthuaisceart: Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Contae Shligigh.

An tOirdheisceart: Comhairle Contae Cheatharlach, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Loch Garman.

An Iardheisceart: Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Contae Chiarraí.

An tIarlthar: Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Ros Comáin.

Tábla 3: Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht Réigiúnach

	Baile Átha Cliath	An Meán-Oirthear	Lár na Tíre	An Meán-Iarlthar	An tOirthuaisceart	An Iarlthuaisceart	An tOirthuaisceart	An Iardhuaisceart	An Iarlthar	Iomlán	%
1. Daoine ina gCodladh Amuigh agus Ardriachtan ais Tacaíochta	71	0	0	0	0	0	9	25	0	105	14%
2. Daoine ina gCodladh Amuigh agus Gan Dídean ar bhonn Fadtéarma ch	44	0	0	0	0	0	3	21	0	68	9%
3. Daoine gan Dídean ar bhonn Fadtéarma ch agus Ardriachtan ais Tacaíochta	430	30	5	20	3	8	24	33	11	564	77%
4. Daoine gan Dídean ar bhonn Fadtéarma ch agus Ardriachtan ais Tacaíochta agus Daoine ina gCodladh Amuigh	16	0	0	0	0	0	0	8	0	24	neamhbhainteach
Iomláin (1, 2 & 3 amháin)	545	30	5	20	3	8	36	79	11	737	100%

Suirbhé maidir le Sonraí Riachtanas Tacaíochta

Is féidir leis a bheith deacair do dhaoine fásta ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta nó riachtanais chasta tacaíochta cóiríocht do dhaoine gan dídean a fhágáil toisc go bhféadfadh siad a bheith ag streachailt chun tionóntachtaí a fháil nó a choinneáil gan na tacaíochtaí cearta. Rinneadh suirbhéanna inar iarradh ar phríomhoibrithe a aithint cé acu an raibh ardriachtanais tacaíochta arda nó ísle ag úsáideoirí seirbhíse nó nach raibh ardriachtanais tacaíochta ar bith acu, a scaipeadh ar sholáthraithe seirbhíse sa réigiún chun cá mhéad duine fásta a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as a bheith páirteach i seirbhís Tús Áite don Tithíocht a dhearbhu (féach an Mhodheolaíocht thuas). Críochnaíodh na suirbhéanna an 5 Bealtaine 2018.

Tábla 4: Miondealú ar Thorthaí na Suirbhéanna maidir le hArdriachtanais Tacaíochta

	Ardriachtanas Tacaíochta Amháin	Dhá Ardriachtanas Tacaíochta	Trí Ardriachtanas Tacaíochta	Iomlán
Meabhairshláinte	257			
Andúil	421			
Sláinte Choirp	108			
Meabhairshláinte & Andúil (Dé-dhiagnóis)		229		
Meabhairshláinte agus Sláinte Choirp		83		
Andúil agus Sláinte Choirp		105		
Meabhairshláinte/Sláinte Choirp/Andúil			146	
Iomlán	786	417	146	1,349

Rinneadh anailís níos mionsonraithe ar na daoine fásta sin ag a raibh ardriachtanais tacaíochta chun a chinneadh cén cineál comhcheangail de riachtanais tacaíochta sláinte coirp, meabhairshláinte nó andúile, más ann dóibh, a bhí ann. I dTábla 4 léirítear go bhfuil líon suntasach daoine gan dídean ag a bhfuil ardriachtanas tacaíochta amháin nó níos mó agus a bhí gan dídean ar feadh tréimhse níos gairide ama ach a d'fhéadfadh sé go mbeadh gá díriú orthu chomh maith le hidirghabháil Tús Áite don Tithíocht chun teacht amach as an easpa dídine ar bhonn inbhuanaithe. Agus spriocanna á gceapadh le haghaidh na dtrí bliana amach romhainn, bhreithnigh gach údarás áitiúil sa tír na sonraí thuas go mion. I lear limistéar, bhí sé sin méadaithe le sonraí eolais agus seirbhíse na n-údarás áitiúil.

Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht Náisiúnta

Is é is cuspóir leis an bplean seo a chinntiú go bhfuil Tús Áite don Tithíocht ar fáil do dhaoine gan dídean ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta ar fud na hÉireann. I dTábla 5 leagtar amach spriocanna Tús Áite don Tithíocht do gach údarás áitiúil le haghaidh na dtrí bliana amach romhainn. Tá na spriocanna a comhaontaíodh le gach údarás áitiúil bunaithe ar iniúchadh ar an riachtanas atá ann i gach limistéar údaráis áitiúil agus an acmhainn a bhfuiltear ag súil leis chun tithe a leithdháileadh ar chliaint Tús Áite don Tithíocht. Tá an cur chuige maidir le soláthar réigiúnach agus mar sin tá na spriocanna d'Údaráis Áitiúla idirghaolmhar agus spleách ar chur chuige comhtháite rathúil ar fud gach réigiúin. Tá na spriocanna in aghaidh an réigiúin léirithe i dTábla 6.

Le hathbhreithniú ar bhaint amach na spriocanna sin i ngach réigiún agus an ngá a mbeidh fós ann i mbliain a trí cinnfear spriocanna Tús Áite don Tithíocht thar thréimhse an phlean seo.

Tá sé beartaithe go n-aistreoidh an fócas i roinnt limistéar údaráis áitiúil lasmuigh de na príomhionaid uirbeacha go dtí cosc a chur ar dhaoine ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta dul isteach i seirbhísí cóiríochta éigeandála, nuair a bheidh aghaidh tugtha ar riachtanais an chohóirt reatha daoine le cur i bhfeidhm tosaigh an chláir um Thús Áite don Tithíocht.

Tábla 5: Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht de réir an Údaráis Áitiúil				
Údarás Áitiúil	2018/2019	2020	2021	Iomlán
Comhairle Contae Cheatharlach	1	1	2	4
Comhairle Contae an Chabháin	3	3	3	9
Comhairle Contae an Chláir	5	3	3	11
Comhairle Cathrach Chorcaí	15	15	10	40
Comhairle Contae Chorcaí	6	4	4	14
Comhairle Contae Dhún na nGall	4	5	5	14
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	50	50	50	150
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	11	11	11	33
Comhairle Contae Fhine Gall	15	15	15	45
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	5	10	15	30
Comhairle Chontae na Gaillimhe	4	6	9	19
Comhairle Contae Chiarraí	10	10	10	30
Comhairle Contae Chill Dara	15	8	8	31
Comhairle Contae Chill Chainnigh	2	2	1	5
Comhairle Contae Laoise	2	3	4	9
Comhairle Contae Liatroma	1	1	1	3
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	10	15	5	30
Comhairle Contae Longfoirt	1	1	1	3
Comhairle Contae Lú	7	8	8	23
Comhairle Contae Mhaigh Eo	1	2	3	6
Comhairle Contae na Mí	10	6	6	22
Comhairle Contae Mhuineacháin	1	1	1	3
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	3	4	5	12
Comhairle Contae Ros Comáin	1	2	3	6
Comhairle Contae Shligigh	8	8	8	24
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	15	15	15	45
Comhairle Contae Thiobraid Árann	2	2	1	5
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	3	3	4	10
Comhairle Contae na hIarmhí	3	3	4	10
Comhairle Contae Loch Garman	2	2	2	6
Comhairle Contae Chill Mhantáin	5	3	3	11
Iomlán	221	222	220	663

Tábla 6: Spriocghrúpaí Tús Áite don Tithíocht de réir an Réigiúin					
Réigiún	Údarás Áitiúil	2018/2019	2020	2021	Iomlá

Réigiún Bhaile Átha		91	91	91	273	(41%)
	Cathair Bhaile Átha	50	50	50		
	Dún Laoghaire-Ráth an	11	11	11		
	Fine Gall	15	15	15		
	Baile Átha Cliath Theas	15	15	15		
Réigiún an Mheán-		30	17	17	64	(10%)
	Cill Dara	15	8	8		
	An Mhí	10	6	6		
	Cill Mhantáin	5	3	3		
Réigiún Lár na Tíre		9	11	14	34	(5%)
	Laois	2	3	4		
	Longfort	1	1	1		
	Uíbh Fhailí	3	4	5		
	An Iarmhí	3	3	4		
Réigiún an Mheán-		15	18	8	41	(6%)
	Cathair agus Contae	10	15	5		
	An Clár	5	3	3		
Réigiún an		11	12	12	35	(5%)
	Lú	7	8	8		
	Muineachán	1	1	1		
	An Cabhán	3	3	3		
Réigiún an		13	14	14	41	(6%)
	Dún na nGall	4	5	5		
	Liatroim	1	1	1		
	Sligeach	8	8	8		
Réigiún an		10	10	10	30	(5%)
	Ceatharlach	1	1	2		
	Cill Chainnigh	2	2	1		
	Tiobraid Árann	2	2	1		
	Cathair agus Contae	3	3	4		
	Loch Garman	2	2	2		
Réigiún an		31	29	24	84	(13%)
	Cathair Chorcaí	15	15	10		
	Contae Chorcaí	6	4	4		
	Ciarraí	10	10	10		
Réigiún an Iarthair		11	20	30	61	(9%)
	Cathair na Gaillimhe	5	10	15		
	Contae na Gaillimhe	4	6	9		
	Maigh Eo	1	2	3		
	Ros Comáin	1	2	3		
Iomlán					663	(100%)

Roinn 5: Soláthar Tús Áite don Tithíocht a Fhoinsiú

Socruithe Maoiniúcháin do Thús Áite don Tithíocht

Baineann Tús Áite don Tithíocht le soláthar tithíochta lena ngabhann diantacaíochtaí tithíochta agus sláinte. Soláthraíonn an Roinn Tithíochta maoiniú caipitil do sholáthar na n-aonad tithíochta ar fud na sruthanna éagsúla um sholáthar tithíochta sóisialta agus cuirtear an maoiniú reatha ar fáil i gcomhair soláthar tacaíochtaí tithíochta, sa tithíocht ar cíós san earnáil príobháideach go príomha. Soláthraítear maoiniú do dhaoine gan dídean ón státchiste faoi Alt 10 den Acht Tithíochta 1988 maidir le soláthar seirbhísí ar an tsráid a bhíonn páirteach le cliaint fhéideartha Tús Áite don Tithíocht, soláthar diantacaíochtaí cuairte a sholáthraítear go príomha díreach isteach i dtithe na dtionóntaí, agus ról a bhaineann le foinsiú agus bainistíocht réadmhaoine Tús Áite don Tithíocht. Maoiníonn an Roinn Sláinte / FSS tacaíochtaí sláinte do chliaint Tús Áite don Tithíocht sna réimsí meabhairshláinte agus úsáide substaintí. Toisc go bhfuil an tsamhail Tús Áite don Tithíocht bunaithe ar rochtain éasca ar thacaíochtaí, soláthraíodh tacaíocht do phoist sláinte ar a ndéanann seirbhísí Tús Áite don Tithíocht faoi stiúir ENRanna bainistiú díreach chomh maith le seirbhísí sláinte príomhshruthaithe a ailíniú le riachtanais chliaint Tús Áite don Tithíocht. Maoiníonn FSS seirbhísí cúraim príomhúil do dhaoine gan dídean agus tá ról tábhachtach aige sin chomh maith. Dámhadh Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath in 2014 trí phróiseas tairisceana oscailte a úsáid agus táthar ag súil leis sin a dhéanamh arís chun Tús Áite don Tithíocht a sholáthar i réigiúin eile.

Ciste um Athchóiriú Seirbhíse (CAS) do Thús Áite don Tithíocht i Limistéir Uirbeacha

Tionscnamh is an Ciste um Athchóiriú Seirbhíse (CAS) de chuid na Roinne Sláinte, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Rialtas Áitiúil, Atlantic Philanthropies agus Genio chun athchóiriú ar sheirbhísí easpa dídine, meabhairshláinte agus míchumais a chur chun feidhme in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis seirbhísí reatha a athchumrú i dtreo tacaíochtaí comhtháite níos duinelárnaí a mbeidh níos trédhearcaí, níos cuntasáí agus níos cost-éifeachtúla chomh maith, i gcomhréir le beartas an rialtais. Rinneadh ciste díreach faoi €6 mhilliún a leithdháileadh ar an easpa dídine tríd an CAS, ina raibh cistí a sholáthar Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte/FSS agus maoiniú príobháideach ón Atlantic Philanthropies. I gcomhréir le *Rebuilding Ireland*, tá an CAS á chur chun feidhme ag baint úsáid as cur chuige comhtháite i measc na bpáirtithe leasmhara.

Is iad na haidhmeanna leis an CAS:

- Tacaíochtaí timhillteacha sláinte a fhorbairt agus a fheabhsú i dtionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht chun torthaí dearfacha a chur ar fáil i gcomhthéacs tithíocht sheasmhacht a fháil agus dul i ngleic lena ndúshláin bhunaidh meabhairshláinte agus andúile.
- Cosáin cúraim chomhtháite a threisiú chun feabhas a chur ar rochtain ar thacaíochtaí tithíochta agus sláinte agus ró-úsáid seirbhísí ospidéil a chosc.

Dírítear an clár ar na daoine a bhíonn 'gan dídean go seasta' lena n-áirítear daoine a bhíonn ina gcodladh amuigh agus/ nó daoine a bhfuil cóiríocht shealadach tacaíthe á rochtain acu ar feadh níos mó ná sé mhí le 12 mhí anuas.

Dírítear an clár ar thrí réimse oibre:

1. Tacú le 100 tionóntacht bhreise Tús Áite don Tithíocht i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh, agus tuilleadh tionóntachtaí i bPort Láirge, lena n-áirítear tacaíochtaí timhillteacha tithíochta agus sláinte do rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht.
2. Iniúchadh a dhéanamh ar cibé an dteastaíonn feabhas agus comhtháthú breise ar thacaíochtaí sláinte i Seirbhís reatha Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath.
3. Feabhas a chur ar chosáin chomhtháite agus comhoibriú trí threoirchur chun feidhme beartais scaoilte amach as ospidéal do dhaoine gan dídean ar fud Bhaile Átha Cliath agus próiseas feabhsaithe scagtha agus atreoraithe do thionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht (féach Iarscríbhinn 1).

Tá obair curtha ar aghaidh píosa maith ar an gcéad cheann de thrí limistéar fócais, tacú le 100 tionóntacht bhreise Tús Áite don Tithíocht i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Plé maidir leis na tionóntachtaí a thacófar leo i bPort Láirge le tosú sa tríú ráithe in 2018. Tionóladh cruinnithe tosaigh i ndáil leis an dá réimse oibre eile chomh maith.

Dul chun Cinn CAS go dtí Seo

Iarradh tograí le haghaidh maoiniú CAS ó Údarás Áitiúla agus FSS i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Bainfear úsáid as sruthanna maoinithe ar leith chun íoc as costais na cóiríochta agus na n-oibríthe tacaíochta tionóntachtaí ar an taobh amháin, agus tacaíochtaí sláinte, lena n-áirítear tacaíochtaí meabhairshláinte agus andúile ar an taobh eile. Díreofar na snáitheanna comhcheangailte tithíochta agus sláinte den chlár seo ar chohórt na ndaoine fásta gan dídean atá ina gcodladh amuigh agus/ ar úsáideoirí fadtéarmacha iad as cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean ag a bhfuil riachtanais chasta sláinte.

Forbraíodh na tograí ó na trí limistéar le dlúthchomhairliúchán idir Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ECSPanna)⁴ agus Údaráis Áitiúla agus tacaíocht ar an leibhéal náisiúnta ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Sláinte/FSS (Cuimsiú Sóisialta) agus ó Genio. Rinneadh na tograí a mheasúnú bunaithe ar thiomantas na nÚdarás Áitiúil agus ECSPanna agus eagraíochtaí comhpháirtíochta chun athchóirithe inbhuanaithe, soiléire agus comhtháite a sheachadadh de réir na gcritéar comhaontaithe:

- Fianaise ar cháilíocht próiseas a forbraíodh le haghaidh rannpháirtíochta le húsáideoirí seirbhísí ENR agus Foireann ECSP FSS.
- Dílseacht don chur chuige um Thús Áite don Tithíocht.
- An cumas fás agus athrú a choimeád.
- Cost-éifeachtúlacht agus luach ar airgead.
- An cumas bainistiú agus stiúradh go héifeachtach.
- Próiseas soiléir um measúnú cur chun feidhme agus torthaí

Rinne coiste deontas ina ndearnadh ionadaíocht ar son na bpáirtithe leasmhara uile athbhreithniú ar na tograí i mí Aibreáin 2018. Tháinig an coiste le chéile ina dhiaidh sin le gach ceann de na cuibhreannais réigiúnacha lena dtograí a phlé go mion. I ndiaidh thabhairt i gcrích na bpleananna a soláthraíodh, eisíodh conarthaí chuig na trí réigiún. Leis an tacaíocht maoinithe a tugadh beifear ábalta diantacaíochtaí tithíochta agus sláinte a sholáthar i gcomhréir le samhail Tús Áite don Tithíocht. Tá próiseas tairisceana chun soláthraí a fháil chun soláthar seirbhíse Tús Áite don Tithíocht á dhéanamh i ngach réigiún, chun tús a chur le cur i bhfeidhm na seirbhíse i ndeireadh 2018.

i) Tionscnamh Chorcaí um Thús Áite don Tithíocht

Áirítear ar chuibhreannas Tionscnamh Chorcaí um Thús Áite don Tithíocht Chorcaí ionadaithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus FSS (lena n-áirítear seirbhísí andúile, meabhairshláinte, ospidéal géarchéime agus easpa dídine). Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh sin tacú le thart ar 40 duine atá gan dídean chun tionóntachtaí a bhogadh agus fanacht iontu in aonaid chóiríochta scaipthe do dhuine aonair i gcathair Chorcaí. Is éard a bheidh i gceist leis sin cur chuige comhoibríoch idir na páirtithe leasmhara ábhartha ar fud na seirbhísí do dhaoine gan dídean, seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí ospidéil, agus seirbhísí drugaí agus alcóil. Soláthraíonn an Fhoireann Chomhtháite do

⁴ Is iad Seirbhís Cúram Sláinte Pobail an réimse leathan seirbhísí a sholáthraítear lasmuigh de chóras na n-ospidéal géarmhíochaine a sheachadtar trí FSS agus a gníomhaireachtaí maoinithe chuig daoine i bpobail áitiúla. Tá an tír roinnte ina 9 limistéar ECSP:

Dhaoine Fásta Gan Dídean (AHIT) speictream iomlán seirbhísí andúile, meabhairshláinte agus leighis ar bhonn ion-rochtana agus for-rochtana ceannasaí don daonra gan dídean i gCorcaigh agus tá naisc láidre aige le seirbhísí cúraim phríomhúil.

Faoi láthair sa réigiún (Cúram Sláinte Pobail Chorcaí, Chiarraí), oibríonn na seirbhísí easpa dídine, príosúin agus drugaí alcóil de réir comhchóras bainistíochta cásanna faoi threoir an Chreata Náisiúnta um Athshlánú Drugaí (2010). De réir sin baineann na seirbhísí ar fad úsáid as toilithe caighdeánaithe, uirlisí scagtha, agus doiciméadúchán um measúnú tosaigh agus cuimsitheach lena n-áirítear pleananna cúram idirghníomhaireachta. Príomh-chomhpháirteach chomh maith is ea próisis atreoraithe, sannadh bainisteoirí cásanna chun tacaíochtaí a chomhordú, agus sraith prótacal chun tacaíocht shoiléir agus chuimsitheach a chinntiú d'úsáideoirí seirbhíse. Tagann grúpa oibríthe ina gcuimsítear oibríthe ó sheirbhísí drugaí agus alcóil, seirbhísí údaráis áitiúil agus seirbhísí do dhaoine gan dídean/seirbhísí tithíochta faoi stiúir ENRanna, agus Príosún Chorcaí le chéile gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige bainistíochta cásanna sa réigiún. Tá an cuibhreas tiomanta do pháirt a thabhairt i seirbhísí i bhforbairt na seirbhísí agus tacú leo leis sin a dhéanamh.

ii) Tionscnamh Luimnigh um Thús Áite don Tithíocht

Áirítear ar Thionscnamh Luimnigh um Thús Áite don Tithíocht ionadaithe ó Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Seirbhísí Meabhairshláinte agus Andúile FSS. Tá sé mar aidhm le tionscnamh Luimnigh um Thacaíocht Tionóntachta Tús Áite don Tithíocht teagmháil a dhéanamh le 30 duine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála. Soláthróidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 15 aonad ar a laghad de chóiríocht don tionscadal beartaithe um Thacaíocht Tionóntachta Tús Áite don Tithíocht go sonrach thar thréimhse trí bliana. Sainaitheoidh agus gheobhaidh soláthraí neamhbhrabúis 15 aonad eile. Feidhmeoidh an Fhoireann um Thacaíocht Tionóntachta Tús Áite don Tithíocht seirbhís 'gan tairseach' agus léireoidh siad an cumas cur chuige rannpháirtíochta ceannasaí a sholáthar maidir le hoibriú le daoine gan dídean ar bhonn fadtéarmach. Oibreoidh an fhoireann ar bhonn oibriúcháin leanúnach i gcomhar le Foireann Tacaíochtaí Meabhairshláinte agus Andúile Tús Áite don Tithíocht ECSP maidir le diantacaíocht chuairte a thairiscint do rannpháirtithe, tacaíochtaí coinneála tionóntachta agus freagairtí ar réimse leathan réimse riachtanas lena n-áirítear spleáchas ar alcól agus/ nó drugaí, sláinte choirp agus meabhairshláinte a chomhcheangal go hiomlánach. Beidh Tacaíocht Tithíochta agus Bainistíocht Dainchásanna solúbtha, agus beidh sé ábalta aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí ar bhonn 24/7. Beidh freagracht ag an bhfoireann as freagairt éigeandála lasmuigh de ghnáthuaireanta a sholáthar do rannpháirtithe agus do sholáthraithe tithíochta

de thionacht ar bith chun aonaid a úsáidtear le haghaidh Tús Áite don Tithíocht a chumhdach.

iii) Tionscnamh na Gaillimhe um Thús Áite don Tithíocht

Áirítear ar Thionscnamh na Gaillimhe um Tús Áite don Tithíocht Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus FSS lena n-áirítear Comhordaitheoir Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean, Seirbhísí Meabhairshláinte na Gaillimhe, Seirbhísí Réigiúnacha Drugaí agus seirbhísí sláinte eile (e.g. altranas sláinte poiblí). Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh 30 aonad cóiríochta a sholáthar thar thrí bliana do dhaoine atá gan dídean ar bhonn seasta agus eipeasóideach i gcathair na Gaillimhe. Cuirfear rochtain ar fáil do chliant Tús Áite don Tithíocht ar aonaid chóiríochta scaipthe do dhaoine aonair. Beidh siad tacaíthe ag foireann tiomanta ildisciplíneach ina mbeidh tacaíochtaí meabhairshláinte, andúile, oibre sóisialta, coinneála tionóntachta agus tacaíochtaí eile a bheidh ag feidhmiú seacht lá sa tseachtain. Soláthrófar an plean thar thrí bliana ar aon dul le cur chuige Tús Áite don Tithíocht. Breathnóidh an cuibhreas ar na bearta a dhéanfar chun inbhuanaitheacht an tionscnaimh úir a chinntiú i ndiaidh chur i gcrích an chláir um maoiniú trí bliana i gcomhair Tús Áite don Tithíocht.

iv) Tionscnamh Phort Láirge um Thús Áite don Tithíocht

Ag cur san áireamh na tograí ardchaighdeáin, comhtháite a fuarthas ó Ghaillimh, Luimneach agus Corcaigh, breithneoidh an CAS togra comhchosúil ó Phort Láirge, ina mbeidh plean comhtháite i gceist chomh maith leis an údarás áitiúil agus FSS. Tá an acmhainneacht leis sin díriú ar na daoine sin a chodlaíonn amuigh agus úsáideoirí fadtéarmacha cóiríochta éigeandála. Agus tacaíocht á tabhairt don tionscnamh seo i bPort Láirge, beidh an CAS ina chuidiú le taca a chur faoi chur chun feidhme náisiúnta Tús Áite don Tithíocht sna ceithre phríomhlíonastéar uirbeacha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, chomh maith le tacaíochtaí breise a chur ar fáil do Thús Áite don Tithíocht i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Roinn 6: Tacaíochtaí na Roinne Tithíochta agus Údaráis Áitiúil do Thús Áite don Tithíocht

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil tiomanta do thacaíocht a thabhairt i leith an tsoláthair mhéadaithe de réadmhaoine daoine aonair i measc na sásraí éagsúla um sholáthar tithíochta sóisialta. Faoi mhaoiniú an Státhiste do Dhaoine gan Dídean Chuid 10 tabharfar tacaíocht do sholáthar tacaíochtaí tithíochta do Thús Áite don Tithíocht ar fud na tíre.

Maoiniú Chuid 10 i gcomhair Tacaíochtaí Tús Áite don Tithíocht

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta maoiniú Chuid 10 d'údaráis áitiúla faoin Acht Tithíochta 1988 mar aon le ranníocaíocht de mhaoiniú díreach ó shruthanna ioncaim gach údaráis áitiúil. Beidh Maoiniú Chuid 10 i gcomhair tionscadail Tús Áite don Tithíocht in 2018 ionann le os cionn €4.1 milliún. Cuirtear an maoiniú sin ar fáil chun tacú le poist atá bainteach le soláthar Tús Áite don Tithíocht lena n-áirítear seirbhísí sráide, tacaíochtaí tithíochta, agus foinsiú/bainistíocht na bochtaineachta.

Cuireadh maoiniú €3 mhilliún ar fáil faoi Phlean Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin 2018 le haghaidh Tús Áite don Tithíocht. Tiocfaidh an maoiniú sin faoi bhuiséad vótáilte na Roinne Tithíochta agus rinneadh é a imfhálú chun luas a chur le cur i bhfeidhm Phlean Cur chun Feidhme Tús Áite don Tithíocht ar fud na tíre in 2019.

Tithíocht Shóisialta a Sholáthar

Tá soláthar réadmhaoine na tithíochta sóisialta, go háirithe do theaghlaigh daoine aonair, ríthábhachtach do sholáthar rathúil Tús Áite don Tithíocht agus tá an Roinn Tithíochta tiomanta dá chinntiú go dtabharfar tacaíocht do na hÚdaráis Áitiúla agus go spreagar iad lena chinntiú go bhfuil réadmhaoine oiriúnacha i bhfeidhm chun spriocanna Tús Áite don Tithíocht arna leagan amach sa phlean seo a bhaint amach.

I gcomhthéacs an tsoláthair tithíochta sóisialta ar an iomlán, thug an Rialtas €6 bhilliún faoi *Rebuilding Ireland* chun tacú le soláthar 50,000 aonad breise tithíochta sóisialta a sholáthrófar faoi dheireadh 2021. Táthar leis an 50,000 teach úr a sholáthar trí 33,500 tógáil, 6,500 ceannach agus 10,000 ligan ar léas. In 2018, is ionann an sprioc náisiúnta soláthair a foilsíodh faoi *Rebuilding Ireland* agus 7,869 teach sóisialta breise. Tá sé beartaithe faoi láthair go soláthróidh Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta píblíne de 800 aonad seomra amháin thar an tréimhse go 2021 trí thógáil, trí cheannach agus trí fhoirgníocht lándéanta.

Chun tacú tuilleadh le soláthar ó Údaráis Áitiúla agus ó CCTanna, rinne an Roinn a phróisís um cheadú a chuíchóiriú, bhunaigh sí Oifig Soláthair Tithíochta chun comhairle theicniúil agus saineolas bainistíochta tionscadal a chur ar fháil, chomh maith le tacú le húdaráis Áitiúla maidir le hacmhainní breise soláthair foirne a fháil.

I gcomhthéacs sásraí soláthair sonracha, tá an méid seo a leanas ábhartha don soláthar atá ag méadú maidir le Tús Áite don Tithíocht:

a) Údarás Áitiúil (LA) agus Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) Tógáil Úr (Cuid V san áireamh)

Soláthraíonn an Roinn maoiniú do na húdaráis Áitiúla chun tithíocht shóisialta úr a sholáthar trí bhíthin gníomhaíocht tógála traidisiúnta díri chomh maith le modheolaíochtaí eile lena n-áirítear teicneolaíochtaí mearthógála agus gníomhaíocht athnuachana. Lena chois sin, déantar na tógálacha úra a choimisiúnú ar bhonn foirgníocht lándéanta ó fhorbróirí príobháideacha, mar aon le réadmhaoine nuathógtha a sholáthraítear trí cheanglais Chuid V. Soláthraítear maoiniú le haghaidh an réimse sin soláthair ar fud réimse clár lena n-áirítear an Clár Infheistíochta Caipitil don Tithíocht Shóisialta (SHCIP).

Is comhpháirtithe tábhachtacha soláthair iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar bhonn áitiúil agus trí na húdaráis áitiúla, soláthraíonn an Roinn maoiniú riachtanach do CCTanna faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) agus faoin Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Leasúcháin (CALF). Tá maoiniú SCC le haghaidh soláthar cóiríochta do dhaoine ag a bhfuil catagóirí sonracha de riachtanais Tithíochta amhail daoine gan dídean agus daoine scothaosta. Cuidíonn CALF le maoiniú thógáil nó cheannach na n-aonad a sholáthrófar lena n-úsáid do thithíocht shóisialta. Is féidir le háis iasachta CALF tacaíocht a thabhairt do suas le 30% de chostas caipitil incháilithe tionscadal, i gcás go soláthrófar na haonaid faoi léas fadtéarmach (socruithe Íocaíochta agus Infhaighteachta) d'Údaráis Áitiúla lena n-úsáid do thithíocht shóisialta. Spreagfar CCTanna chun soláthar a dhéanamh chun méadú a dhéanamh ar sholáthar aonad seomra amháin do chliaint Tús Áite don Tithíocht.

b) Clár na gCeannachán

Cuirtear maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun réadmhaoine reatha agus athlámhe lena n-úsáid do thithíocht shóisialta. Tarmlichtear sainaitheint agus tabhairt faoi na gceannachán tithe sóisialta sin d'údaráis áitiúla den chuid is mó, chun go bhféadfaidís freagairt go solúbtha ar na deiseanna uile chun tithíocht shóisialta úr a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla. Soláthraítear an maoiniú sin ar an mbonn go bhfuil na tithe oiriúnach lena

n-úsáid do thithíocht shóisialta agus go bhfuil siad oiriúnach ar fud réimse eile breithnithe lena n-áirítear luach ar airgead, dearadh, pleanáil agus comhlíonadh eile.

Cuireadh béim faoi leith ar an gcumas a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus do CCTanna chun leas a bhaint as acmhainn na réadmhaoine folmha lena n-úsáid do thithíocht shóisialta.

Foilsíodh Aonad Tithe Folmha sa Roinn, chun gníomhaíochtaí a spreagadh agus a chomhordú ar na leibhéil rialtais láir agus áitiúil, agus chun tacú le húdaráis Áitiúla lena ngníomhaíochtaí. Bunaíodh cláir shonracha soláthair, lena n-áirítear an Scéim Deisigh agus Léasaigh agus an Scéim Ceannaigh agus Athnuairigh. Cuireadh maoiniú €32 milliún in áirithe in 2018 don Scéim Deisigh agus Léasaigh, lena bhain an fhéidearthacht go soláthrófaí 800 réadmhaoin fholamh do thithíocht shóisialta. Éascaíonn an Scéim Ceannaigh agus Athnuairigh údaráis áitiúla chun réadmhaoine atheadránaithe folmha a cheannach a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta.

Beart eile is ea Clár Ceannaigh na Gníomhaireachta Tithíochta agus a chiste rollach €70 milliún. Dírithe an tionscnamh go díreach ar réadmhaoine folmha a cheannach ó na bainc agus ó chuideachtaí infheistíochta, cistí cothromais phríobháidigh den chuid is mó. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag ceannach faoi láthair ar bhonn spriocdhírthe, árasáin aon seomra agus roinnt árasán dhá sheomra ar an margadh oscailte. Tá an Gníomhaireacht gníomhach go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath agus creideann sí go bhfuil sprioc de 50 árasán seomra amháin in aghaidh na bliana indéanta ach d'fhéadfaí scála na gceannachán a mhéadú chomh maith. Níl an Gníomhaireacht Tithíochta páirteach faoi láthair i scrúdú a dhéanamh ar an margadh le haghaidh réadmhaoine seomra amháin i réigiúin eile ach tá sí ábalta ról den sórt sin a ghlacadh mar chuid de chur i bhfeidhm náisiúnta Tús Áite don Tithíocht. Lena chois sin, leanann an Gníomhaireacht Tithíochta le réadmhaoine folmha a cheannach ó bhainc agus ó institiúidí airgeadais eile ar bhonn náisiúnta. Déantar cion de na réadmhaoine sin a leithdháileadh ar dhaoine agus ar theaghlaigh gan dídean, agus déantar cuid díobh sin a leithdháileadh faoin gclár Tús Áite don Tithíocht.

c) Léasú

Tá cuspóir beartais reatha léasú fadtéarmach thithe na tithíochta sóisialta dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar sholáthar na tithíochta sóisialta ardchaighdeán go ginearálta, chomh maith leis an acmhainn lasmuigh den chlár comhardaithe maidir le hinfheistíocht phríobháideach agus institiúideach eile sa tithíocht shóisialta. Déantar éascaíocht d'údaráis áitiúla agus CCTanna chun dul isteach i socruithe conarthacha fadtéarmacha nó gearrthéarmacha chun réadmhaoine faoi úinéireacht phríobháideach a cheannach don tithíocht shóisialta ar feadh suas le 20-25 bliain. Leis an tsolúbthacht sin is féidir leis na húdaráis áitiúla agus CCTanna réadmhaoine reatha ardchaighdeán a fháil i bhforbairtí príobháideacha, rud a

d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun freastal ar riachtanais ghinearálta chomh maith le catagóirí sonracha riachtanais lena n-áirítear Tús Áite don Tithíocht, gan moill tógála. Maoinítear na conarthaí léasaithe agus infhaighteachta ina ndeachaigh na húdaráis Áitiúla isteach le Clár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta na Roinne.

d) Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta / Scéim Cóiríochta Cíosa

Is é an tiomantas faoi *Rebuilding Ireland* 50,000 teach tithíochta sóisialta fadtéarmaí a sholáthar agus, lena chois sin, 87,000 tacaíocht tithíochta solúbtha eile a sholáthar trí Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) idir 2016 agus 2021. Bunaíodh beagnach 18,000 tionóntacht úr ÍCT in 2017. Bealach amach tábhachtach is ea ÍCT as easpa dídine do theaghlaigh agus do dhaoine aonair araon agus beidh ról aige i soláthar foriomlán tionóntachtaí do Thús Áite don Tithíocht.

Soláthar Aonad Seomra Amháin

Beidh sé lárnach do chur chun feidhme rathúil Tús Áite don Tithíocht soláthar imleor aonad seomra amháin a chinntiú. I *gCaighdeáin Deartha d'Árasáin Nua* nuashonraithe (Márta 2018) de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil admhaítear go mbeidh gá leis an bhfás mór i dteaghlaigh 1-2 duine in Éirinn a chur san áireamh i riachtanas tithíochta. I bhfianaise na fíriche sin, léiríodh an ceanglas seo sna caighdeáin deartha nuashonraithe:

Go bhféadfadh suas le 50% d'aonaid seomra amháin nó d'aonaid de stíl stiúideo a bheith i gceist i bhforbairtí árasán (gan níos mó ná 20-25% d'iomlán na bhforbairtí beartaithe mar stiúideonna) agus ní bheidh íoscheanglais ar bith ann maidir le hárasáin ina mbeidh trí sheomra nó níos mó.

Tá níos mó solúbthachta sna treoirlínte chomh maith maidir le láithreáin inlíonta bheaga uirbeacha agus athchóiriú foirgneamh atá ann cheana. Chomh maith leis na srianta ar aonaid seomra amháin a mhaolú, eisíodh treoirlínte nuashonraithe ar thógáil réadmhaoiné dá leithéid maidir le meánmhéid aonaid. Cinnteofar leis sin go mbeidh siad an-oiriúnach le cónaí iontu.

Roinn 7: Tacaíochtaí na Roinne Sláinte agus FSS do Thús Áite don Tithíocht

Réamhrá

Is príomhthosaíocht de chuid na Roinne Sláinte agus FSS é dul i ngleic le riachtanais sláinte daoine gan dídean agus feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte. Tá ardleitheadúlacht d'fhadhbanna meabhairshláinte agus andúile i measc daoine a chodlaíonn amuigh agus úsáideoirí fadtéarmacha cóiríochta éigeandála agus tá sé aitheanta go mbíonn dúshláin bhreise os a comhair maidir leis an rochtain agus úsáid is fearr a bhaint as seirbhísí sláinte. Cuireann daoine gan dídean éileamh ard ar na seirbhísí sláinte éigeandála, agus ag an am céanna baineann a n-easpa cóiríochta cuí an bonn ó éifeachtúlacht na n-iairghabhálacha cúram sláinte.

Chun éagothroime sláinte do dhaoine gan dídean a laghdú ní mór dul i ngleic le cinntithigh shóisialta na sláinte. Ní bhaineann na cinntithigh shóisialta leis an tsláinte amháin, ach cuirtear tacú fúthu le héagothroime sláinte agus bochtaineacht, easpa acmhainní ábhartha agus rochtain theoranta ar fhostaíocht. Ceisteanna uile-rialtais is iad na ceisteanna sin ar fad agus baineann siad le rannpháirtíocht réimse leathan páirtithe leasmhara. Aithníonn an Roinn Sláinte agus FSS go bhfuil tithíocht ina cinntitheach sóisialta ríthábhachtach den tsláinte agus tiomnaíonn siad do thacaíocht a thabhairt do phleananna do chur chun feidhme tionscnamh Tús Áite don Tithíocht trí thacaíochtaí sláinte a chur ar fáil lena chinntiú go gcoinneoidh rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht a dtionóntacht agus go bhfeabhsóidh siad a sláinte agus a bhfolláine.

Creat is ea Sláinte Cuimsithe chun feabhas a spreagadh ar thorthaí sláinte do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta, lena n-áirítear daoine gan dídean. Cuimsítear ann taighde, comhordú beartas agus soláthar seirbhíse. Is é an aidhm feabhas a chur ar an rochtain ar shláinte agus ar sheirbhísí gaolmhara trí ghníomhaíochtaí comhordaithe agus spriocdhírthe.

Tacaíochtaí reatha na Roinne Sláinte agus FSS do Thús Áite don Tithíocht / Daoine gan Dídean ag a bhfuil Riachtanais Chasta Sláinte

Tacaíonn an Roinn Sláinte agus FSS le cur chuige Tús Áite don Tithíocht a ghlacadh, bunaithe ar sholáthar tithíochta agus bainistíocht dianchásanna agus is é an toradh inmhianaithe tithíocht bhuan agus sheasmhach, sláinte agus folláine feabhsaithe daoine gan dídean. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Sláinte agus FSS feabhas a chur ar thorthaí sláinte do dhaoine gan dídean nó do dhaoine atá i mbaol a bheith gan dídean, go háirithe iad siúd ag a bhfuil riachtanais andúile agus mheabhairshláinte, trí thacaíochtaí timfhillteacha sláinte a chur ar

fáil ina bhféadfadh príomhoibrí, bainistíocht cásanna, seirbhísí dochtúra ghinearálta nó altranais, piarthacaíocht agus/nó soláthraithe sainchúraim eile a bheith i gceist.

Ar aon dul leis na tiomantais in *Rebuilding Ireland*, tá méadú €6 mhilliún os cionn an chaiteachais iarbhír in 2015 tagtha ar an leithdháileadh maoinithe chun feabhas a chur ar na torthaí sláinte do dhaoine gan dídean. Is ionann an maoiniú iomlán dá réir sin chun feabhas a chur ar na torthaí sláinte do dhaoine gan dídean agus €36 milliún. Baintear úsáid as an maoiniú sin chun idirghabhálacha spriocdhírthe a chur ar fáil do dhaoine a d'fhéadfadh éagothroime sláinte a bheith ag baint leo, a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu ag rochtain seirbhísí agus riachtanais tacaíochta iolracha, casta a bheith acu.

Ó 2011 i leith, tá maoiniú FSS á sholáthar i leith Tionscadal Taispeána Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath agus Seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath chun tacú le soláthar tacaíochtaí cúram sláinte do Thús Áite don Tithíocht. Ó 2017 i leith, tá méadú tagtha ar mhaoiniú FSS chomh maith chun tacú le tionscadail Tús Áite don Tithíocht i réigiúin eile. Tá bearta eile beartaithe chun feabhas a chur ar na tacaíochtaí atá ann cheana i réigiún Bhaile Átha Cliath agus chun tacú le leathnú Tús Áite don Tithíocht ar fud na tíre.

Tionscnaimh Leanúnacha agus Bheartaithe chun tacú le Tús Áite don Tithíocht / Daoine gan Dídean ag a bhfuil Riachtanais Chasta Sláinte

A. Tionscnamh an Chiste um Athchóiriú Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean

Fuair an Roinn Sláinte agus FSS maoiniú ón gCiste um Athchóiriú Seirbhíse chun tacaíochtaí sláinte coirp, andúile agus meabhairshláinte a chur ar fáil do dhaoine ar chlár Tús Áite don Tithíocht (féach Roinn 5 le haghaidh sonraí).

i) Seirbhísí Comhtháite Timhillteacha Sláinte do Thús Áite don Tithíocht

Tá dul chun cinn suntasach déanta le hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ECSPanna) / Údaráis Áitiúla chun pleananna a chur chun cinn chun tacú le 100 tionóntacht breise do Thús Áite don Tithíocht i gCorcaí, Luimneach agus Gaillimh (féach Cuid 5). Breathnófar ar an acmhainneacht tacaíochtaí comhchosúla a leathnú go Port Láirge.

Tá sé beartaithe go mbreithneofaí cur i bhfeidhm tacaíochtaí sláinte do Thús Áite don Tithíocht i gcodanna eile den tír, atá lasmuigh de phróiseas CAS, i gcomhthéacs Phlean Bliantúil Seirbhíse FSS agus go dtuarfaí é ar thiomantas na dtacaíochtaí tithíochta ag an Roinn Tithíochta agus údaráis áitiúla.

ii) Tacaíochtaí Sláinte Feabhsaithe do Thionscnamh Bhaile Átha Cliath um Thús Áite don Tithíocht

Déanfar athbhreithniú ar an ionchur sláinte reatha i seirbhís Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath chun treoir a thabhairt d'fheabhsú na dtacaíochtaí sláinte timfhillteacha chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus folláine do rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht. Áireofar air sin athbhreithniú ar na córais a úsáidtear chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéantar faoi láthair ar thorthaí sláinte.

iii) Cosáin Chomhtháite agus Comhoibriú a Fheabhsú

Mar chuid den tiomantas do chosáin chomhtháite agus comhoibriú fheabhsú, tá an dá bheart seo a leanas á gcur chun cinn:

a) Prótacal maidir le Scaoileadh Amach as Ospidéal

Faomhadh Prótacal maidir le Scaoileadh Amach as Ospidéal don Easpa Dídine (Creat Treorach) i gcomhréir le Beartas Treorach um Chúram Comhtháite FSS 2014 agus leis an bPlean Cur chun Feidhme ar Fhreagairt an Stáit ar an Easpa Dídine 2014. Is é an aidhm a chinntiú go ndéanfar scaoileadh amach daoine gan dídean nó daoine atá i mbaol a bheith gan dídean as seirbhísí géarmhíochaine agus meabhairshláinte a phleanáil, agus go mbeidh an chóiríocht agus tacaíochtaí cuí i bhfeidhm sula scaoilfear amach iad. Beidh sé ina phríomhcheanglas a chinntiú go bhfuil cóiríocht chuí ar fáil agus go neartófar cosáin chomhtháite cúraim dóibh siúd atá gan dídean agus ag a bhfuil riachtanais chasta sláinte.

Beidh coiste maoirseachta Bhaile Átha Cliath maidir le scaoileadh amach daoine gan dídean a bhaineann le hospidéal ghéarmhíochaine, meabhairshláinte, cúram príomhúil/cuimsiú sóisialta, údaráis áitiúla agus an Líonra do Dhaoine gan Dídean i gceannas ar phrótacal maidir le scaoileadh amach as an ospidéal ar fud Bhaile Átha Cliath agus ar mheasúnú ar threoirhionscadal laistigh de láithreán roghnaithe. Cuireadh prótacal maidir le scaoileadh amach daoine gan dídean chun feidhme go héifeachtúil i ngach grúpa ECSP/ospidéal ina dhiaidh sin ar bhonn foghlama ó treoirhionscadal. Beidh sé tábhachtach cliaint fhéideartha do Thús Áite don Tithíocht a shainaithint laistigh den chóras ospidéal.

b) Comh-mheasúnú agus Pleanáil Cúraim

Tacaíonn an Creat Náisiúnta Athshlánúcháin ó Dhrugaí le cur chuige comhtháite agus comhordaithe cúraim maidir le hathshlánú drugaí in Éirinn, agus soláthraítear treoirínte ann maidir le prótacail chaighdeánaithe (scagadh,

measúnuithe, pleanáil cúraim agus bainistíocht cásanna) laistigh de na seirbhísí andúile. Mar chuid de chur chuige comhtháite pleanáilte, tá sé molta ag FSS tacú le hoiriúnú náisiúnta na huirlise measúnaithe agus cláir oiliúna laistigh de na seirbhísí do dhaoine gan dídean agus ar fud an chosáin chúraim chomh maith b'fhéidir.

B. Bearta eile do Dhaoine gan Dídean ag a bhfuil Riachtanais Chasta Sláinte

Tá ról tábhachtach ag seirbhísí meabhairshláinte, úsáide substaintí agus cúraim phríomhúil maidir le freastal ar riachtanais chasta sláinte na daoine gan dídean. Tá líon beart spriocdhírthe á gcur chun cinn chomh maith.

i) Meabhairshláinte

Chomh maith le tacaíochtaí meabhairshláinte atá i bhfeidhm cheana nuair a théitear i láthair rannóga éigeandála, tá tús áite tugtha ag FSS do sholáthar idirchaidrimh fheabhsaithe lasmuigh de ghnáthuaireanta agus freagairtí feabhsaithe seacht lá don mheabhairshláinte. Bunaíodh grúpa oibre chun samhlacha cúraim do sheirbhísí 7/7 agus 24/7 a chur chun cinn.

Tá samhail chéimnithe cúraim á forbairt ag FSS ina soláthraítear rochtain thráthúil agus cúram meabhairshláinte cuí, idirghabhálacha andúile agus sainseirbhísí tánaisteacha eile do dhaoine gan dídean a oireann dá riachtanais mheabhairshláinte. Tá sé mar aidhm leis an tsamhail feabhas a chur ar rochtain ar thacaíochtaí meabhairshláinte sa phobal agus cosáin shoiléire i sainseirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí andúile a bhunú agus tacú ag an am céanna le foireann na meabhairshláinte a oibríonn laistigh de struchtúir ENR laistigh de chreat rialachais chliniciúil/maoirseachta.

D'aontaigh an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc tacú le síniú píolótach dhá bhliain ar infhaighteacht sainchomhairleoirí do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath agus sna contaetha máguaird. Lena chois sin, tá Clár Cliniciúil Dé-Dhiagnóise á fhorbairt faoi láthair agus ní mór é a ailíniú le Tús Áite don Tithíocht chun feabhas a chur ar thorthaí do dhaoine ag a bhfuil fadhbanna comhghalracha diantinnis mheabhrach agus mí-úsáide substaintí.

ii) Úsáid Substaintí

Aithnítear as straitéis náisiúnta drugaí, *Reducing Harm Supporting Recovery*, go bhfuil an baol i bhfad níos airde go mbeidh úsáid fhadhbach drugaí ag baint le daoine gan dídean ná a bheadh ag daoine i dtithe slána. Príomhchuspóir de chuid *Reducing Harm Supporting Recovery*, is ea torthaí sláinte agus sóisialta níos fearr a bhaint amach agus tá

gníomhaíochtaí gaolmhara sa straitéis chun an sprioc sin a bhaint amach Cé go bhféadfadh easpa dídine a bheith mar thoradh ar úsáid fhadhbach drugaí, is féidir le heaspa dídine cur le forbairt fadhbanna úsáide substaintí chomh maith. Cuireann sé sin béim ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí easpa dídine agus seirbhísí andúile a bheith ag obair le chéile ar bhealach comhoibríoch, amhail trí na naoi bhfóram réigiúnacha don easpa dídine. Cé go bhfuil easpa tithíochta ina fadhb ar fud na sochaí faoi láthair, trí thionóntachtaí neamhspleácha a sholáthar do dhaoine gan dídean mar aon leis na tacaíochtaí cuí tairgtear na torthaí is fearr do dhaoine aonair ar éirigh leo ina gcóireáil agus ina n-athshlánú.

Tá an Roinn Sláinte agus FSS ag tacú le forbairt Cláir Chliniciúil Dé-Diagnóise. Tacóidh bunú Saoráide Insteallta Maoirsithe go díreach le sláinte daoine gan dídean lena n-áirítear rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht.

iii) Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Cuirfidh FSS feabhas ar na seirbhísí cúraim príomhúil trí sheirbhísí laistigh den chóiríocht do dhaoine gan dídean a threisiú agus trí shainseirbhísí cúraim príomhúil ion-rochtana a threisiú. Athróidh clinic sláinte taistil Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn seirbhísí sláinte for-rochtana do dhaoine gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu agus a bhfuil sé deacair teacht orthu ó bhonn trí lá sa tseachtain go cúig lá sa tseachtain. Tá forbairt agus méadú foirne ildisciplíneacha sláinte do dhaoine gan dídean á mhaoiniú ag FSS i ngach limistéar ECSP, ina gcuimsítear altraí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí saothair, oibríthe meabhairshláinte agus andúile chomh maith le tacaíocht riaracháin. Oibríonn na foirne lena chinntiú go bhfuil daoine gan dídean nasctha leis na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta cuí agus go mbaintear amach comhpháirtíochtaí riachtanacha le seirbhísí eile amach trí phríomhoibriú agus bainistíocht cásanna de réir mar is cuí.

iv) Ionad Cúram Sláinte Idirmheánach

Maoineoidh an Roinn Sláinte agus FSS saoráid cúram sláinte inmheánach d'úsáideoirí seirbhíse gan dídean agus a dteastaíonn cúram altranais agus cúram gaolmhar eile uathu roimh dhul isteach san ospidéal agus i ndiaidh scaoileadh amach as an ospidéal. Breathnófar ar mhaoiniú caipitil le haghaidh áitreabh úr chomh maith.

v) Creat Inniúlachta do Dhaoine gan Dídean agus d'Fhoireann Seirbhísí Andúile

Tá creat inniúlachta le haghaidh seirbhísí do dhaoine gan dídean agus seirbhísí andúile á fhorbairt ag an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, i gcomhar le Feidhmeannacht Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath le haghaidh seirbhísí do dhaoine gan dídean agus le haghaidh seirbhísí andúile. Leis an gcreat inniúlachta

saineofar sraith croí-inniúlachtaí lena gcuirtear taca faoi obair thosaigh agus mhaoirseachta sna seirbhísí do dhaoine gan dídean agus sna seirbhísí andúile agus bainfead úsáid as chomh maith chun bearnaí oiliúna sna hearnálacha a shainaithint.

Lena chois sin, ní áirítear le maoiniú do na cláir atá liostaithe thuas réimse seirbhísí sláinte ginearálta as a mbaineann daoine gan dídean leas lena n-áirítear seirbhísí ospidéal géarmhíochaine othar cónaithe/seachtrach, seirbhísí Cúraim Phríomhúil, seirbhísí andúile agus meabhairshláinte FSS.

Roinn 8: Tús Áite don Tithíocht do Phríosúnaigh agus do Spriocghrúpaí Eile

Tús Áite don Tithíocht do Phríosúnaigh

Bíonn riachtanais arda agus casta tacaíochta ag príosúnaigh agus daoine eile a chiontaítear os comhair na cúirte go minic. Is féidir le heaspa cóiríocht oiriúnach agus sheasmhach cur leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag an daoine sin, agus go minic éiríonn an duine leabaithe sna seirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean mar thoradh air sin. Oibríonn líon eagraíochtaí deonacha faoi láthair leis na gníomhaireachtaí Ceartais, ag soláthar freagairtí tithíochta dóibh siúd ag a bhfuil meánriachtanais tacaíochta. Mar sin féin, tá sé fós deacair cóiríocht a fháil dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais níos casta, lena n-áirítear fadhbanna sláinte, meabhairshláinte agus andúile. Tá sé aitheanta go mór go bhfuil idirghabháil sprice ag teastáil don ghrúpa sin.

Rinneadh cláir Tús Áite don Tithíocht do phríosúnaigh a sholáthar go rathúil go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear i Nua-Eabhrac agus Vermont i SAM, i gcás go raibh tionchar acu ar laghdú ar rátaí easpa dídine agus príosúnaigh don spriocghrúpa sin.

i) Comhthéacs beartais

Rinneadh Tús Áite don Tithíocht a fhorghníú i líon doiciméad beartais le déanaí mar chur chuige ar cheart breathnú air don spriocghrúpa thuas.

Luadh cur chuige Tús Áite don Tithíocht maidir le hathlonnú príosúnach i *dTuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais maidir le hAthchóiriú an Chórais Choiriúil agus Pianbhreitheanna*⁵:

'Tá gá le cur chuige comhordaithe maidir le cóiríocht céim síos i ndiaidh scaoileadh amach idir na ranna Rialtais ábhartha agus na gníomhaireachtaí tithíochta. Tá chur chuige um Thús Áite don Tithíocht úsáideach mar phointe tosaigh. Faoin tsamhail sin, cuirtear an ciontóir amach ina theach nó ina teach féin agus soláthraítear tacaíochtaí aonair dó nó di bunaithe ar a riachtanais féin.

I dtuarascáil an Ghrúpa Idirghníomhaireachta don Easpa Dídine⁶ luaitear an raon feidhme le haghaidh tionscadal Tús Áite don Tithíocht do phríosúnaigh.

⁵ Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais maidir le hAthchóiriú an Chórais Choiriúil agus Pianbhreitheanna (Bealtaine 2018)

⁶ Tuarascáil an Ghrúpa Idirghníomhaireachta don Easpa Dídine chuig an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Meitheamh 2018)

'D'fhéadfadh ról a bheith ag scéim sprice Tús Áite don Tithíocht do phríosúnaigh maidir le tacaíocht a thabhairt do phríosúnaigh leochaileacha atá i mbaol easpa dídine agus tacú lena ath-imeascadh sa tsochaí agus le hatitimeachas ag an am céanna.'

Sa tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Bheartas an Chórais Phionósaigh⁷ cuireadh béim ar an gcaidreamh casta idir príosúnacht agus easpa dídine, agus iarrtar fócas méadaithe ann ar sholáthar cóiríochta chun ath-imeascadh príosúnach sa tsochaí a éascú.

ii) Cur chuige beartaithe maidir le soláthar

Bheadh próifíl ghinearálta spriocghrúpa féideartha Tús Áite don Tithíocht ina bpríosúnaigh agus daoine eile a ciontaíodh os comhair na cúirteanna ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta agus a bheadh gan dídean nuair a scaoilfí amach iad ó choimeád agus a bheadh ag filleadh ar an bpobal i ndiaidh pianbhreith fhada saoil chomh maith leo siúd faoi Mhaoirseacht Seirbhíse Promhaidh sa phobal a thagann leis na critéir ábhartha.

Moladh ann próisis shoiléire a bhunú trínar féidir le gníomhaireachtaí ceartais daoine a atreorú lena measúnú le dul isteach i dTús Áite don Tithíocht. Leis na próisis, beifear ábalta díriú, ar bhonn náisiúnta ar na daoine ag a bhfuil riachtanais chasta agus rioscaí a bhaineann le hiompar coiriúil a dhéanamh arís. Leis an tionscnamh, dá réir sin, soláthrófar torthaí dearfacha don duine aonair agus don phobal, ag cur san áireamh go bhfuil rátaí laghdaithe atitimeachais ina thoradh tuartha. Sholáthrófaí tionóntacht bhuan shlán don duine atreoraithe ar bhonn scaipthe (i.e. gan cnuasú ar bith) i dteach a roghnófaí go cúramach agus a thiocfadh le riachtanais an chliaint.

Cuimseofar daoine a bheidh faoi mhaoirseacht phobail, a atreoidh an tSeirbhís Promhaidh, laistigh de na próisis náisiúnta níos leithne maidir le Tús Áite don Tithíocht, agus bunófar pointí tiomanta teagmhála chun cumarsáid shoiléir agus thráthúil a chinntiú.

Do na daoine faoi choimeád, bheadh gá go hidéalach le hatreoruithe a chomhaontú tamall maith roimh (i.e. 6 mhí) scaoileadh amach. Nuair a bheadh an dáta scaoilte amach ag druidim linn, oibreodh seirbhís Tús Áite don Tithíocht faoi stiúir ENR le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Seirbhís Príosún na hÉireann, an Garda Síochána, Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath agus na hÚdaráis Áitiúla ábhartha chun aistriú réidh ó choimeád go aonad tithíochta sainaitheanta a chinntiú. Chun é sin a bhaint amach, bunófar tionscadal sonrath Tús Áite don Tithíocht, a dhéanfar ar phríosúnaigh.

⁷ Athbhreithniú ar Bheartas an Chórais Phionósaigh (2014)

I gcomhréir leis an dea-chleachtas, tá sé beartaithe go gcuimseofaí i seirbhís Tús Áite don Tithíocht do phríosúnaigh foireann ina mbeadh bainisteoir dianchásanna a sholáthródh tacaíocht chuairte tithíochta (i.e. suas go cuairteanna laethúla), foireann ildisciplíneach de speisialtóirí andúile agus meabhairshláinte, agus feidhm réadmhaoine chun réadmhaoine oiriúnacha a fháil agus a bhainistiú. Chomh maith leis na sain-idirghabhálacha thuas, áireofaí ar chinn eile a sholáthrafaí scileanna saoil amhail buiséadú, bainistíocht tí, cócaireacht, glanadh, agus tacaíocht chun imeascadh sa phobal. Níl teorainn ama ar bith ar an tacaíocht a sholáthraíonn Tús Áite don Tithíocht agus ciallaíonn sé sin go bhféadfaí é sin a sholáthar ar feadh an chuid eile de shaol an duine, más gá.

Tá maoiniú i gcomhair treoirhionscadal trí bliana a bhaineann le thart ar 25 príosúnach 'a bhfuil sé deacair cóiríocht a fháil dóibh' in aghaidh na bliana á bhreithniú faoi láthair ag Seirbhís Príosún na hÉireann, ag an tSeirbhís Promhaidh agus ag an Roinn Díl agus Cirt. D'fhéadfadh ciontóirí atá faoi réir maoirseacht phobail ag an tSeirbhís Promhaidh nuair is iomchú a bheith i gceist leis sin. Le cur chuige tras-rannach, trasearnála maidir le riachtanais na ndaoine ag a bhfuil ardriachtanais tacaíochta bhainfí leas as láidreachtaí ilghníomhaireachtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an ghrúpa chasta sin, agus baol na heaspa dídine á sheachaint agus an chosúlacht go ndéanfaidh an príosúnach cion arís á laghdú.

Tús Áite don Tithíocht don Óige

Aithnítear Tús Áite don Tithíocht mar chur chuige éifeachtach maidir le dul i ngleic le riachtanas daoine fásta gan dídean ag a bhfuil riachtanais chasta, ach is cur chuige atá ag teacht chun cinn é Tús Áite don Tithíocht don óige ar bhonn idirnáisiúnta agus in Éirinn araon. Tá easpa dídine na hóige difriúil ó easpa dídine daoine fásta agus ciallaíonn sé sin go m'fhéidir nach hé tionóntachtaí neamhspleácha, slána an fhreagairt is oiriúnaí i gcónaí. Tá réimse samhlacha Tús Áite don Tithíocht maidir le cóiríocht agus tacaíocht don óige ann ina gcuimsítear tithíocht scaipthe ach tá cóiríocht idirthréimhseach agus tithíocht bhuan tacaíthe ann chomh maith (Gaetz, 2014). Tá plé idirnáisiúnta ar siúl maidir le cén cineál Tús Áite don Tithíocht don Óige ba cheart a bheith ann agus cibé an bhfuil áit ann laistigh de do na cuir chuige idirthréimhseacha (Mayock agus Parker, 2017). Ag cur láithreach na dtionscadal um Thús Áite don Tithíocht don Óige in Éirinn agus riachtanais éagsúla na ndaoine óga gan dídean san áireamh, tá sé tábhachtach an cleachtas atá ag teacht chun cinn agus na torthaí d'aoisigh níos óige na dtionscadal sin a ghabháil.

Dírítear tionscadail Tús Áite don Tithíocht don Óige in Éirinn go príomha ar dhaoine óga lena mbaineann cúlra de chúram Stáit. In Alt 45A den *Acht um Chúram Leanaí (Leasaithe) 2015* cuirtear dualgas reachtúil ar Tusla a chinneadh an bhfuil 'gá le cúnamh' do dhuine óg agus cúram á fhágáil aige nó aici". Tá Tusla tiomanta do thacaíochtaí iarchúraim a choimeád do dhaoine óga/aosaigh óga ó 18 - 21 bliain d'aois (nó 23 bliain d'aois má tá siad in oideachas lánaimseartha nó in oiliúint chreidiúnaithe). Tá an tseirbhís a thairgtear bunaithe ar mheasúnú riachtanais gach aosánaigh, a bhféadfadh riachtanais maidir le hoideachas, maoiniú agus buiséadú, oiliúint agus fostaíocht, sláinte agus folláine, forbairt phearsanta agus shóisialta, tacaíocht teaghlaigh agus cóiríocht a bheith i gceist leis. Forbraítear plean iarchúraim don duine óg agus is féidir leis an tseirbhís iarchúraim a sholáthraítear oibrí iarchúraim leithdháilte, seirbhís buail isteach a chur san áireamh chun treoir agus tacaíocht, agus / nó tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

I gcomhthéacs cóiríochta, tá Tusla ag obair le comhpháirtithe ilghníomhaireachta chun an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) a chur chun feidhme d'Fhágálaithe Cúraim atá i mbaol easpa dídine, laistigh de chomhthéacs Phlean Gníomhaíochta *Rebuilding Ireland* maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine. Comhaontaíodh cur chuige cuíchóirithe le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath lena gcinnteoidh freagairt níos gaiste maidir le freastail ar riachtanais tithíochta na bhfágálaithe cúraim.

Roinn 9: Measúnú, Taighde, Oiliúint agus Tacaíochtaí Eile

Measúnú ar Thús Áite don Tithíocht

Tá trí sprioc ghaolmhara ina mbonn le haghaidh measúnú ar chlár Tús Áite don Tithíocht:

- i) Coinneáil tithe agus imeacht marthanach ón easpa dídine a chur chun cinn (i.e. 'coinneáil tithíochta').
- ii) Feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine úsáideoirí seirbhíse Tús Áite don Tithíocht, lena n-áirítear meabhairshláinte, sláinte choirp, tinneas agus míchumas a chiorraíonn saol duine, agus úsáid fadhbach drugaí agus alcóil.
- iii) Feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta úsáideoirí seirbhíse Tús Áite don Tithíocht, lena n-áirítear tacaíocht shóisialta agus féinmhuinín, rannpháirtíocht sa phobal agus sa saol cathrach, gníomhaíocht bhríoch agus imeascadh eacnamaíoch, agus iompar coiriúil nó frithshóisialta a chosc.

Tá cost-éifeachtúlacht ina beart tábhachtach eile, ina gcuimsítear measúnú a dhéanamh ar thionchar idirghabhála Tús Áite don Tithíocht ar úsáid seirbhísí costasacha, lena n-áirítear brúnna agus dídean éigeandála, dul isteach i rannóga éigeandála, fanacht san ospidéal agus teagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil. Is féidir cost-éifeachtúlacht agus costas fóntas Tús Áite don Tithíocht a chur i gcomparáid le costas beart idirghabhála 'gnó mar is gnách' eile chomh maith (Tinland *et al.*, 2013).

Is iad measúnú ar dhílseacht, measúnú ar phróiseas agus measúnú ar éifeachtúlacht trí chur chuige a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar Thús Áite don Tithíocht.

- i) I Measúnú ar Dhílseacht ar Thús Áite don Tithíocht déantar iniúchadh ar a mhéid a chloíonn an tseirbhís le príomhphrionsabail Tús Áite don Tithíocht. Dearbhaítear le fianaise go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí níos fearr ag seirbhísí ard-dílseachta (Tsemberis, 2010; Pleace agus Bretherton, 2013; Goering *et al.*, 2014). Tá Scála Dílseachta 'Pathways to Housing' agus bearta dílseachta chlár 'At Home/Chez Soi' Cheanada ina samplaí de thrialacha dílseachta.
- ii) Tá sé mar aidhm le Measúnú Próiseas tuiscint a fháil ar feidhmiú sheirbhís Tús Áite don Tithíocht lena n-áirítear an dóigh agus an fáth a bhfuil ardtionchar aige agus cad iad na coinníollacha faoina bhfuil ardtionchar aige. Áirítear air sin an struchtúr, na hacmhainní agus na próisis a bhaineann le soláthar. Déantar iniúchadh ann chomh maith ar an

dóigh a n-athraíonn idirghabhálacha úsáideoirí seirbhíse Tús Áite don Tithíocht agus na tosca seachtracha a théann i gcion ar sholáthar.

- iii) Féachtar i Measúnú Éifeachtúlachta ar na torthaí a sholáthraíonn seirbhís Tús Áite don Tithíocht. Tomhaistear ann a mhéid is a bhfuil spriocanna á mbaint amach agus na bacainní agus tosca éascaíochta a théann i gcion ar dhul chun cinn. Tá cuimsiú thuairimí na n-úsáideoirí seirbhíse ríthábhachtach chun éifeachtúlacht na seirbhíse a thomhas.

Is é an t-órchaighdeán maidir le measúnuithe ar Thús Áite don Tithíocht go dtí seo cur chun feidhme trialacha incomparáideacha randamaithe faoi riail (RCTanna) ag baint úsáid as cur chuige modha mheasctha (taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil araon). Ní mór RCTanna a dhearadh go cúramach agus dhá ghrúpa go díreach mar a chéile a bheith páirteach iontu, grúpa amháin ag baint úsáid as Tús Áite don Tithíocht agus an grúpa eile ag baint úsáid as seirbhísí easpa dídine, thar roinnt blianta agus féachaint ar na torthaí don dá ghrúpa. Úsáideadh RCTanna ina lán láithreán chun cláir Tús Áite don Tithíocht na Fraince agus Cheanada a thástáil. Cuirfear na cuir chuige maidir le dea-chleachtas san áireamh agus samhail á forbairt don mheasúnú ar Thús Áite don Tithíocht in Éirinn.

Measúnú Beartaithe II-Láithreán ar Thionscnamh Easpa Dídine CAS

Soláthrófar maoiniú faoin gCiste um Athchóiriú Seirbhíse chun measúnú trí bliana a dhéanamh sna trí Réimse Oibre um Thionscnamh Easpa Dídine CAS agus 4-5 láithreán gheografacha.

Tá gá ann le measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar an luach ar airgead maidir leis an gclár sin. Cé go bhfuil a lán eolais ann go hidirnáisiúnta faoin dea-chleachtas i dTús Áite don Tithíocht agus scaoileadh amach as an ospidéal, tá an soláthar seirbhíse agus an comhthéacs institiúideach in Éirinn casta agus beidh dúshláin le sárú leis na hiarrachtaí sin ar athchóiriú le linn chéim an chur chun feidhme. Tá gá ann chomh maith le taighde gníomhaíochta a dhéanamh chun go mbeidh CAS ábalta na dúshláin sin a stiúradh i 'bhfíor-am' trí chuidiú a thabhairt leis na ceisteanna atá ag teacht chun cinn a nochtadh agus plé cuiditheach a éascú. Is é an cuspóir a bheidh le hobair an mheasúnaithe agus an taighde gníomhaíochta:

- i) Dianmheasúnú a dhéanamh, ar chaighdeán idirnáisiúnta, ar thionchar tacaíochtaí Tús Áite don Tithíocht in Éirinn ar an spriocdhaonra i gcomparáid leis na tacaíochtaí eile atá ar fáil faoi láthair.

- ii) Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chlár um Scaoileadh Amach as Ospidéal.
- iii) Bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme na gclár um Thús Áite don Tithíocht agus um Scaoileadh Amach as Ospidéal trí bhéim a chur ar dheiseanna agus ar dhúshláin an chur chun feidhme agus cuidiú a thabhairt le bonn eolais a chur faoin dóigh ar féidir le tuairimí úsáideoirí seirbhíse soláthar seirbhíse a mhúnlú ar bhealach níos fearr.

Cuideoidh grúpa comhairleach idirnáisiúnta le bonn eolais a chur faoi phróiseas tairisceana agus bainistíocht na measúnuithe tionchair.

Breithneofar sa mheasúnú chomh maith ar ról na sonraí maidir le forbairt Tús Áite don Tithíocht a chur chun cinn agus tacú leis ar fud na réigiún ar fad. D'fhéadfadh sé go mbeadh na réimsí oibre comhcheangailte le creat aonair measúnaithe chun tairbhe a bhaint as barainneacht scála. Tá sé riachtanach go mbeidh sonraí ábhartha agus iontaofa fíor-ama ar fáil chun cuidiú le hidirghabhálacha agus torthaí a thomhas do chliaint Tús Áite don Tithíocht.

Dea-Chleachtas agus Oiliúint maidir le Tús Áite don Tithíocht

Soláthraíonn DRHE roghanna oiliúna bliantúla do sheirbhísí reachtúla agus stát-mhaoinithe do dhaoine gan dídean. Bíonn dhá chlár oiliúna creidiúnaithe ar siúl gach bliain ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath: i) an Teastas Fochéime sa Chlár um Chosc agus Idirghabháil do Dhaoine gan Dídean (QQI Leibhéal 8) agus ii) Bainistíocht Éifeachtach i Modúl na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean (QQI Leibhéal 8). Áirítear ar an dá chúrsa ionchuir ó Thús Áite don Tithíocht agus ábhar cúrsa a bhaineann le húsáideoirí seirbhíse ag a bhfuil ceisteanna idirghaolmhara sláinte, meabhairshláinte agus andúile. Mar chuid den chur i bhfeidhm náisiúnta, tá sé beartaithe ábhar Tús Áite don Tithíocht a leathnú agus ceanglais theicniúla agus cur chun feidhme Tús Áite don Tithíocht a chur san áireamh.

Déanfar deiseanna do chomhlachtaí poiblí atá bainteach le soláthar Tús Áite don Tithíocht, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla agus FSS, maidir le dea-chleachtas a mhalartú a iniúchadh trí struchtúir réigiúnacha na heaspa dídine. Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil d'údaráis áitiúla chun a gcumas a threisiú maidir le Tús Áite don Tithíocht a sholáthar. Comhordóidh Oifig Stiúirthóra Náisiúnta Tús Áite don Tithíocht é sin.

Tá Ardán Dea-Chleachtais maidir le Tús Áite don Tithíocht do ENRanna ann ó thús 2017 i leith. Tá sé páirteach i bhfaisnéis agus taithe a chomhroinnt, páirt a ghlacadh in imeachtaí

Eorpacha um Thús Áite don Tithíocht, agus deiseanna oiliúna a éascú. Baineann sé leas as an tacaíocht ón Mol Eorpach maidir le Tús Áite don Tithíocht, a bhunaigh FEANTSA agus Y-Foundation na Fionlainne.

Aguisín a hAon: Treoirhionscadal um Scaoileadh Amach as Ospidéal an Chiste um Athchóiriú Seirbhíse agus Comh-mheasúnú agus Pleanáil Cúraim a Fheabhsú

Tá sé mar aidhm leis an Tionscnamh maidir le hEaspa Dídine an Chiste um Athchóiriú Seirbhíse (CAS) aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chasta tithíochta agus sláinte, lena n-áirítear meabhairshláinte agus andúil, na ndaoine gan dídean agus feabhas a chur ar a rochtain ar chúram sláinte cuí. Cuirtear an bhéim ar thrí réimse oibre; cuirtear síos ar an gcéad dá cheann i bpríomhábhar an phlean seo agus tá tuilleadh eolais faoin tríú réimse thíos:

1. Tacú le 100 tionóntacht bhreise Tús Áite don Tithíocht i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh, (agus tuilleadh tionóntachtaí i bPort Láirge), lena n-áirítear tacaíochtaí timfhillteacha tithíochta agus sláinte do rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht.
2. Iniúchadh a dhéanamh ar cibé an dteastaíonn feabhas agus comhtháthú breise ar thacaíochtaí sláinte i Seirbhís reatha Tús Áite don Tithíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath.
3. Cosáin chomhtháite agus comhoibriú a fheabhsú trí:
 - a) Treoirchur chun feidhme beartais scaoilte amach as ospidéal do dhaoine gan dídean; agus
 - b) Feabhas a chur ar chomh-mheasúnú agus pleanáil cúraim, lena n-áirítear próisis scagtha agus atreoraithe do rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath.

3 (a) Treoirhionscadal um prótacal Bhaile Átha Cliath maidir le scaoileadh amach daoine gan dídean as ospidéal

Moladh prótacal maidir le scaoileadh amach daoine gan dídean as ospidéal do Bhaile Átha Cliath, arna oiriúnú ón mBeartas Náisiúnta um Scaoileadh Amach Daoine gan Dídean as Ospidéal, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht próiseas atreoraithe áitiúil, a chinntiú go bhfuil rochtain ag othair gan dídean a scaoileadh amach ar chúram sláinte agus ar thithíocht chuí, agus ró-úsáid as seirbhísí ospidéil a chosc.

Bunaíodh coiste maoirseachta ina bhfuil rannóga Cuimsithe Sóisialta, Ospidéil Ghéarmhíochaine, Meabhairshláinte agus Cúraim Phríomhúil FSS, Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Lónra do Dhaoine gan Dídean chun maoirseacht a dhéanamh ar threoirchur chun feidhme agus ar mheasúnú an phrótacail. Tá staidéar féidearthachta chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht prótacail agus cur chuige

chaighdeánaithe ar fud príomhsheirbhísí laistigh de threoirláithreán beartaithe i mBaile Átha Cliath á chur chun cinn.

3 (b) Feabhas a chur ar chomh-mheasúnú agus pleanáil cúraim, lena n-áirítear próisis scagtha agus atreoraithe do rannpháirtithe Tús Áite don Tithíocht i mBaile Átha Cliath.

Thacaigh an Creat Náisiúnta Athshlánúcháin ó Dhrugaí (2010) le cur chuige comhtháite agus comhordaithe cúraim maidir le hathshlánú drugaí in Éirinn, ina soláthraíodh prótacail maidir le scagadh, measúnú, pleanáil cúraim agus bainistíocht cásanna, rúndacht agus comhroinnt faisnéise laistigh de na seirbhísí andúile. Rinneadh comh-uirlis um measúnú a forbraíodh leis an earnáil andúile agus easpa dídine araon a phíolótú go rathúil in 2016/2017. Mar chuid de chur chuige comhtháite pleanáilte, tá sé molta ag Oifig Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta FSS tacú le hoiriúnú náisiúnta na huirlise measúnaithe agus an chlár oiliúna a ghabhann leis laistigh de na seirbhísí andúile agus na seirbhísí do dhaoine gan dídean. Mar chéim thosaigh, déantar é sin a thriail agus a mheasúnú laistigh den láithreán píolótach a roghnaíodh do thionscadal Bhaile Átha Cliath maidir le prótacal maidir le scaoileadh amach daoine gan dídean as ospidéal.

Leabharliosta

Adams, J., Rosenheck, R., Gee, L., Seibyl, C.L., and Kushel, M. (2007) Hospitalized Younger: A comparison of a national sample of homeless and housed inpatient veterans. *Journal of Health Care for the Poor and Underserved* 18(1), lgh. 173–84.

Beijer, U., Wolf, A., and Fazel, S. (2012) Prevalence of Tuberculosis, Hepatitis C Virus, and HIV in Homeless People: A systematic review and meta-analysis. *The Lancet Infectious Diseases* 12(11) lgh. 859-870.

Busch-Geertsema, V. (2013) *Housing First Europe Final Report*. An Bhruiséil: Clár an Aontais Eorpach um Fhostaíocht agus um Shlándáil.

Busch-Geertsema, V. (2014) *Housing First Europe – Results of a Social-Experimentation*. *European Journal of Homelessness* 8(2), lgh.13-28.

Busch-Geertsema, V. (2011) *The Finnish National Programme to Reduce Long-Term Homelessness – Tuarascáil Sintéise – an Fhionlainn*. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2011) *Ráiteas ar Bheartas Tithíochta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2013) *Ráiteas ar Bheartas Easpa Dídine*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2014) *Plean Cur chun Feidhme maidir le Freagairt an Stáit ar Easpa Dídine*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

DIHAL (2016) *Un Chez Soi d'abord: Retour sur 6 années d'experimentation*. Páras: DIHAL.

FEANTSA (2014) *Housing First Guide Europe (2014-2016)*. An Bhruiséil: FEANTSA.

Glynn, R. (2016) *Easpa dídine, Sláinte agus Úsáid Drugaí Úsáid i gCathair Bhaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: FSS.

Goering, P., Veldhuizen, S., Watson, A., Adair, C., Kopp, B., Latimer, E., Nelson, G., MacNaughton, E., Streiner, D. and Aubry, T. (2014) *National At Home / Chez Soi Final Report*. Calgary, Alberta: Mental Health Commission of Canada.

Rialtas na hÉireann (2011) *Clár don Rialtas 2011-2016*. Baile Átha Cliath: Roinn an Taoisigh.

Rialtas na hÉireann (2016) *Rebuilding Ireland– Plean gníomhaíochta don tithíocht agus don easpa dídine*. Baile Átha Cliath: An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Greenwood, R. M. (2015) *Measúnú ar Achoimre Torthaí Thionscadal Taispeána Tús Áite don Tithíocht Bhaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: Feidhmeannach Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath.

O' Reilly, F., Barror, S., Hannigan, A., Scriver, S., Ruane, L., MacFarlane, A., and O'Carroll, A. (2015) *Homelessness - An unhealthy state: Health status, risk behaviours and service utilisation among homeless people in two Irish cities*. Baile Átha Cliath: An Comhpháirtíocht le haghaidh Cóir Sláinte.

O'Sullivan, E. (2012) *Ending Homelessness – A Housing-Led Approach*. Baile Átha Cliath: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Pleace, N. and Bretherton, J. (2013) *The case for Housing First in the European Union: A critical evaluation of concerns about effectiveness*. *European Journal of Homelessness* 7(2), lgh. 21-41.

Stefancic, A. and Tsemberis, S. (2007). *Housing First for long-term shelter dwellers with psychiatric disabilities in a suburban county: A four-year study of housing access and retention*. *Journal of Primary Prevention* 28, lgh. 265–279.

Tainio, H. and Fredriksson, P. (2009) *Straitéis Easpa Dídine na Fionlainne: Ó Shamhail "Staihriúil" go Cur Chuige "Tús Áite don Tithíocht" chun Dul i nGleic le hEaspa Dídine Fhadtéarmach*. *European Journal of Homelessness* 3, lgh. 181-199.

Tinland, A., Fortanier, C., Girard, V., Laval, C., Videau, B., Rhenter, P., Greacen, T., Falissard, B., Apostolidis, T., Lançon, C., Boyer, L., and Auquier, P. (2013). *Evaluation of the Housing First program in patients with severe mental disorders in France: Study protocol for a randomized controlled trial*. *Trials* 14(1): 309.

Tsemberis, S. (2010) *Housing First: The Pathways Model to End Homelessness for People with Mental Illness and Addiction*. Minnesota, MN: Hazelden Press.

Tsemberis, S. (2012) *Housing First: Basic Tenets of the Definition Across Cultures*. *European Journal of Homelessness*, 6 (2), lgh. 169-173.

Tsemberis, S., Kent, D., and Respress, C. (2012) *Housing Stability and Recovery Among Chronically Homeless Persons With Co-Occurring Disorders in Washington, DC*. *American Journal of Public Health*. 102, lgh. 13-16.
